

COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

Fón: (01) 871 6600

Íosghlao: 1890 600800

Facs: (01) 814 7026

Ríomhphost: info@gsoc.ie

Suíomh idirlín: www.gardaombudsman.ie

An tUasal Alan Shatter

An tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí

94 Faiche Stiabhna,

Baile Átha Cliath 2

A Aire,

Tá an-áthas orainn an cúigiú tuarascáil bhliantúil seo a chur i do láthair le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais mar a fhorordaítear in Acht an Gharda Síochána 2005 ('An tAcht').

Clúdaíonn an tuarascáil seo an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

Chuir an Coimisiún béim láidir ar éifeachtúlachtaí níos mó a bhaint amach agus ar a chuig ceanglas oibríochtúla a chomhlíonadh ar fud 2010.

Lean an Coimisiún de bheith páirteach go forghníomhach lena chuid geallshealbhóirí le linn na bliana agus choinnigh sé caidreamh rialta lena mhacasamhail d'eagraíochtaí i dTuaisceart Éireann, i Sasain, sa Bhreatain Bheag agus in Abain.

Lean an Coimisiún de bheith comhfhiosach maidir lena chuid dualgas i ndáil le Cearta Daonna a chosaint agus lean an Coimisiún lena rannpháirtíocht le Coimisiún Cearta Daonna na hÉireann ar feadh na bliana.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do chomhoibriú, do chúirtéis agus do thacaíocht oifigigh do Roinne le linn na bliana. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin do chúirtéis agus do chomhoibriú gníomhach Choimisinéir an Gharda Síochána agus a chuid oifigeach. Go háirithe, ba mhaith linn cur in iúl go leanann caidreamh oibríochtúil de bheith gairmiúil agus éifeachtach ar an talamh ag leibhéal Roinne agus ag leibhéal Ceantair.

Bhí comhráití torthúla againn le cumainn fhoirne laistigh den Gharda Síochána agus ba mhaith linn aitheantas a thabhairt dóibh as a gcomhoibriú, a gcomhairle agus a gcúirtéis.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin do chomhoibriú agus do thacaíocht na ngníomhaireachtaí Stáit éagsúla le linn na bliana, áirítear orthu sin, an tSeirbhís Cúirteanna, an tSeirbhís Cróinéirí, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, Oifig Phaiteolaí an Stáit agus Saotharlann Dlí-Eolaíochta an Stáit.

Ba mhaith linn ár meas maidir le hobair fhoireann Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le linn na bliana a chur in iúl. Chuaigh an ghairmiúlacht, fuinneamh agus tiomantas atá léirithe acu i bhfeidhm go mór orainn ó bunaíodh an Coimisiún.

Is mise le meas,

Dermot Gallagher, Cathaoirleach Conor Brady, Coimisinéir, Carmel Foley, Coimisinéir

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

5ú TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

CLÁR ÁBHAR

Litir chuid an Aire	1
Achoimre Feidhmeach	8

CAIBIDIL 1: GEARÁIN AGUS IMSCRÚDUITHE

1.1.1	Achoimre ar Oibríochtaí	12
1.1.1	Riarachán	14
1.1.2	An Rannóg Cásoibre	14
1.1.3	An Rannóg Imscrúduithe	15
1.1.4	Ionchuisimh Choiriúla	15
1.1.5	Ionchoisní Cróinéara	16
1.2	Gearáin a ghlacadh	17
1.3	Líomhaintí	17
1.4	Gearánaithe	20
1.5	Gardaí a bhí faoi réir ag gearáin	22
1.6	Freagairt do Ghearáin agus do Tharchuir	26
1.6.1	Inghlacthacht	26
1.6.2	Réiteach Neamhfhoirmiúil	27
1.6.3	Alt 94U: Imscrúdú Garda gan mhaoirseacht	28
1.6.4	Alt 94S: Imscrúdú Garda faoi mhaoirseacht an GSOC	30
1.6.5	Imscrúduithe Alt 95	31
1.6.6	Imscrúduithe Alt 98	32
1.7	Tarchuir faoi alt 102(1)	33
1.7.1	Torthaí na dTarchur	41
1.8	Imscrúduithe Alt 102(4) le Leas an Phobail	42
1.9	Alt 106- Scrúdú ar Chleachtais, ar Bheartais agus ar Nósanna imeachta an Gharda Síochána	44
1.10	Prótacail	44

CAIBIDIL 2: MUINÍN AN PHOBAIL A SPREAGADH

2.1	Sástacht Chustaiméirí	45
2.2	Próifíl an Ghearánaí	45
2.3	Dearcadh an Phobail	49
2.4	For-rochtain don Phobal	51
2.5	For-rochtain do Gardaí	51
2.6	Grúpa Comhairleach	52
2.7	Soláthar Faisnéise	52

CAIBIDIL 3: RIARACHÁN AGUS TACAÍOCHT

3.1	Forléargas Bainistíochta	55
3.2	Airgeadas	55
3.3	Acmhainní Daonna agus Oiliúint	57
3.4	An Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide	57
3.5	Gnóthaí Dlí	59
3.6	Seirbhísí Corparáideacha	60

3.1	Cumarsáid agus Taighde	62
3.2	An Rannóg Bheartais	63

CAIBIDIL 4: CONCLÚID

LIOSTA CAIRTEACHA

Cairt 1.	Cineálacha Líomhaintí	18
Cairt 2.	Fachtóirí sna Gearáin	19
Cairt 3.	Láthair na Líomhna	19
Cairt 4.	Inscne an Ghearánaí	20
Cairt 5.	Aois an Ghearánaí	20
Cairt 6.	Náisiúnacht an Ghearánaí	21
Cairt 7.	Céimeanna na nGardaí a ndearnadh gearáin orthu	25
Cairt 8.	Inscne na nGardaí a ndearadh gearáin orthu	26
Cairt 9.	Aois an pháirtí dhíobhálaithe nár gharda é/í	37
Cairt 10.	Inscne an pháirtí dhíobhálaithe nár gharda é/í	38
Cairt 11.	Díobhálacha faighte agus gnéithe na ndíobhálacha	38
Cairt 12.	Modh inar tharla an díobháil	39
Cairt 13.	Fachtóirí i dtarchuir alt 102	39
Cairt 14.	Lá tarchuir na seachtaine	40
Cairt 15.	Am tarchuir den lá	40
Cairt 16.	Eitneacht Ghearánaithe	46
Cairt 17.	Céad Teanga Ghearánaithe	46
Cairt 18.	Stádas Tithíochta Ghearánaithe	47
Cairt 19.	Stádas Sláinte/Míchumais Ghearánaithe	47
Cairt 20.	Stádas Fostaíochta Ghearánaithe	48
Cairt 21.	Gnóthachtáil is airde oideachais Ghearánaithe	48
Cairt 17.	An Modh a chuala gearánaithe faoin GSOC	49

LIOSTA NA dTÁBLAÍ

Tábla 1.	Modh Glactha Gearán	17
Tábla 2.	Tríchur Gearán	17
Tábla 3.	Líomhaintí in aghaidh na Roinne seachas Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (DMR)	22
Tábla 4.	Líomhaintí in aghaidh na Roinne- DMR	25
Tábla 5.	Torthaí ar Réiteach Neamhfhoirmiúil	28
Tábla 6.	Torthaí ar Alt 94U: imscrúduithe garda gan mhaoirseacht	29
Tábla 7.	Torthaí ar Alt 94S: imscrúduithe garda arna mhaoirseacht ag an GSOC	30
Tábla 8.	Torthaí ar imscrúduithe alt 95	31
Tábla 9.	Torthaí ar imscrúduithe alt 98	33
Tábla 10.	Tarchuir in aghaidh na Roinne seachas DMR	36
Tábla 11.	Tarchuir in aghaidh na Roinne- DMR	37
Tábla 12.	Torthaí tarchur	42
Tábla 13.	Caiteachas agus Coigiltis sa bhliain 2010	56

LIOSTA LÉARSCÁILEANNA

Léarscáil 1.	Líomhaintí in aghaidh na Roinne seachas DMR	22
Léarscáil 2.	Líomhaintí in aghaidh na Roinne- DMR	24
Léarscáil 3.	Tarchuir in aghaidh na Roinne seachas DMR	35
Léarscáil 4.	Tarchuir in aghaidh na Roinne- DMR	36

AGUISÍNÍ

Aguisín 1.	Gníomhaíochtaí Oiliúna agus Forbartha	66
------------	---------------------------------------	----

ACRAINMNEACHA

AGSI Cumann Sáirsintí agus Cigirí den Gharda Síochána

APN Nód Pointe Rochtana

AST An Fhoireann Tacaíochta Riaracháin

CMS An Córas Cásbhainistithe

COU Aonad Eagraíochta Corparáidí

DMR Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath

DJLR An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí

DPP An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

ECF Creat Rialaithe Fostaíochta

FLO Oifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh

GRA Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána

GSIO Oifigeach Imscrúdaithe an Gharda Síochána

GSOC Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

ICT Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

LAN Líonra Achair Logánta

PMDS Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

PQ Ceist Parlaiminte

RAXEN An Gréasán Eorpach um Fhaisnéis ar Chiníochas agus ar Sheineafóibe

SIO Oifigeach Sinsearach Imscrúdaithe

USB Bus Uilíoch Srathach

WAN Líonra Achair Fhairsing

wte coibhéis lánaimseartha

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Baineann an tuarascáil seo le tréimhse gníomhaíochtaí Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2010. Clúdaíonn Caibidil 1 na gearáin déanta ag daoine sa ghnáthphobal agus freagairt an GSOC dóibh siúd, tarchuir ó Choimisinéir an Gharda Síochána agus imscrúduithe déanta ag an GSOC. Pléann Caibidil 2 leis an ndualgas reachtúil chun muinín an ghnáthphobail sa chóras réitigh gearán a chur chun cinn. Tugann Caibidil 3 achoimre ar ghníomhaíochtaí riaracháin éagsúla na heagraíochta.

Sa bhliain 2010, fuair an GSOC 2,258 gearán ón ngnáthphobal a raibh 722 díobh neamh-inghlactha. I measc na ngearán bhí 4,931 líomhain faoi mhí-iompar ghardaí a raibh 1,087 díobh neamh-inghlactha. Is iad na fáthanna nár inghlacadh leo ná go raibh na gearáin déanta tar éis an teorainn ama sé mhí, nó gur bhain siad le stiúir agus treoir ghineárlta an Gharda Síochána agus gur mhionghearáin iad a shíl an GSOC go raibh siad suaibhreasach nó cráiteach. Ní gá gur chóir go gciallódh „Cráiteach“, oilbhéasach nó mailíseach, I gcoitinne, ach go bhfuil na gearáin chomh mion sin gur measadh nár ch...óir go ndéanfaí imscrúdú orthu.

Sna gearáin a rinneadh bhí 4,931 líomhain de mhí-iompar gharda. I measc na líomhaintí a rinneadh, ba iad Mí-úsáid Údaráis, Faillí i nDualgas, Míchúirtéis agus Cion Neamh-mharfach na ceithre shaghas ba mhó. Ba iad na fachtóirí ba mhó a bhain le staideanna óna rinneadh gearáin ná cuardach/imscrúdú, gabháil agus teagmhas tráchta bóthair. Ba iad na láithreacha ba mhó ina ndearnadh gearáin ná in áit phoiblí, sa teach cónaithe agus i gcoimeád na ngardaí.

Ba iad fir (71%), Éireannaigh (85%) agus daoine idir 18-40 bliain d'aois (62%) na gearánaithe go mór mór. Bhain na gearáin a rinneadh le gach Roinn Garda. Ba iad Gardaí (75%) agus Sairsintí (14%) na ranganna faoina ndearnadh an lion ba mhó gearán.

Tarchuir Coimisinéir an Gharda Síochána 103 teagmhas son GSOC faoi alt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005 (an tAcht). Bhain 46% díobh seo le teagmhais tráchta bóthair. Bhain 9 tarchur faoin alt seo le cúig bhás déag. Ba gharda é/í duine amháin díobh seo a fuair bás.

Thosaigh an GSOC sa bhliain 2010 le cúig imscrúdú ag dul ar aghaidh faoi alt 102(4) is é sin. osclaíodh iad le leas an phobail. Dúnadh dhá cheann le linn 2010. Níor osclaíodh imscrúdú nua ar bith in 2010 faoin alt seo.

Tugann Caibidil 2 achoimre ar an obair a rinneadh maidir le dualgas reachtúil an GSOC muinín an phobail a chur chun cinn. Den chéad uair ó thosaigh sé gníomhaíocht oibríochtúil, rinne an GSOC suirbhé sástachta custaiméara. Chuir an suirbhé béim ar shampla gearán faighte agus dúnta in 2010. Bhí na difir idir dearcadh na ngardaí agus an phobail soiléir maidir le torthaí an phróisis.

Choimisiúnaigh GSOC Millward Brown Lansdowne suirbhé ar dhearcadh an phobail a dhéanamh. Cé gur tosaíodh é seo in 2010, bhí an obair allamuigh críochnaithe go luath sa bhliain 2011 chun líon iomlán nab liana 2010 a léiriú. Léiríonn na torthaí gur fhorbair an GSOC dlúthphróifíl sa ghnáthphobal i dtéarmaí faisnéise ar a ról sa tsochaí agus a cáile mar chomhlacht neamhchlaonta i dtréimhse ama ghairid. Den chuid is mó, is cosúil go síleann an gnáthphobal go bhfuil mí-iompar garda ann agus gurb é imscrúdú neamhchlaonta an gníomh is oiriúnaí.

Chríochnaigh an GSOC an chéad bhliain iomlán dá Phróifíl Gearánaithe a bhfuil cuspóir aici cuidiú leis an GSOC tuiscint cé acu atá catagóir ar leith duine níos dóichí gearán a dhéanamh faoi

ghníomhartha gardaí nó nach bhfuil. Thar an iomlán cuireann na torthaí in iúl nach dtagann na gearánaithe ó chatagóirí de dhaoine faoi mhíbhuntáiste shóisialta.

Leanadh le for-rochtain an phobail agus na ngardaí le linn na bliana. Reáchtáil foireann an GSOC seimineáir agus an déimeagrafaic spriocdhírthe bunaithe ar an riar cásanna faighte. Reáchtáil an fhoireann seimineáir, le cuireadh ó Choláiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór, le mic léinn agus le gardaí de ranganna éagsúla. Mhalartaigh an dá rannpháirtí faisnéis agus barúlacha lena chéile. Dhéileáil an GSOC le 1,838 ceist le linn na bliana. De na ceisteanna sin, ba cheisteanna substainteacha ó na meáin iad 325 díobh, ba cheisteanna parlaiminte iad 25 díobh; 33 ó ghníomhaireachtaí Stáit; bhí 64 ceist ó dhaoine sa ghnáthphobal maidir le ról an GSOC agus bhain 1,369 ceist le cásanna. Tugadh breis agus 21,000 cuairt ar shuíomh idirlín an GSOC.

Choinnigh an GSOC a theagmhálaithe idirnáisiúnta trína rannpháirteachas i roinnt comhdhálacha thar sáile chomh maith le bheith ina óstach do chuid mhór toscaireachtaí ar mhian leo go dtabharfaí faisnéis dóibh faoi shamhail mhaoriseachta na hÉireann. Bhí idirphlé rialta leanúnach leis na comhlachtaí maoirseachta póilíní i Sasana, sa Bhreatain Bheag, i dTuaisceart Éireann agus in Albain.

Tugann Caibidil 3 achoimre ar riarachán an GSOC. In 2010 dáileadh buiséad soláthraithe de €10,242,000 ar an GSOC, ó airgid vótáilte don DJLR, Faoi dheireadh na bliana 2010 ba é €9,233,863.45 an caiteachas iomlán a bhí comhdhéanta de chaiteachas pá de €5,765,772.22 agus de chaiteachas nár phá é de €3,468,946.67.

Mar fhorbairt ar an infrastruchtúr TFC bhí, coigitis a chinntiú trí líonraí a roinnt, cianoibriú a éascú agus slándáil an líonra a mhéadú.

Thug an rannóg inmheánach dlí an GSOC comhairle faoi ghnéithe éagsúla d'obair chorparáideach agus oibríochtúil an GSOC. Ina measc seo thug an GSOC comhairle ar agus dhearbhaigh sé cáilíocht faoi 27 comhad tarchurtha chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) le linn 2010 a bhain le 31 comhalta den Gharda Síochána agus le seachtar daoine nár gharda iad. I gcás amháin tugadh rabhadh do dhuine fásta amháin. Stiúir an DPP ionchúiseamh i 11 cás a bhain le 14 comhalta den Gharda Síochána agus le 3 duine nár ghardaí iad. Cuireadh aon cheann déag den na cásanna seo os comhair na gcúirteanna faoi 31 Nollaig 2010.

Cuireadh deich gcás a tugadh don DPP in 2008/2009 os comhair na gcúirteanna in 2010.

Bunaíodh post nua mar Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta.

De thoradh iarracht níos dírithe ag an Green Working Group, fuair an GSOC rátáil fuinnimh de D2.

Dhéileáil leabharlann an GSOC le breis agus trí chéad agus caoga ceist substainteacha in 2010 maidir le cúrsaí imscrúdaithe, dlíthiúla agus taighde. Choinnigh an GSOC a bhallraíocht den Chumann Coireolaíochta Eorpach agus den Chumann um Thaighde agus Fhorbairt Ceartais Choiriúil agus lean sé lena chomhoibriú leis na comhlachtaí maoirseachta coibhéiseacha i dTuaisceart Éireann, i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus in Albain ar shineirgí taighde a aithint.

Cuireadh na tuairisceáin ábhartha ó na sealbhóirí poist uile isteach ar dhóigh thráthúil chun na riachtanais reachtúla a tháinig ón reachtaíocht *Ethics in Public Office* and *Standards in Public Office* a chomhlíonadh. Lena nósanna imeachta rialachais a fhorbairt chaith an GSOC acmhainní ar oiriúnú *Code of Practice for the Governance of State Bodies* na Roinne Airgeadais do

chomhthéacs agus riachtanais ar leith an GSOC. Dréachtaíodh Straitéis Bainistíochta Riosca don eagraíocht mar ullmhúchán do bhunú Foireann Monatóireachta Bainistíochta Riosca.

CAIBIDIL 1: Gearáin agus Imscrúduithe

1.1 Achoimre ar Oibríochtaí

Déantar na gearáin agus na himscrúduithe ar fad a eascraíonn as tarchuir nó mar thoradh ar leas an phobail a phróiseáil tríd an Stiúrthóireacht Oibríochtaí (Oibríochtaí) Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC). I dtéarmaí acmhainní is í an Stiúrthóireacht seo an tiomantas is mó atá déanta ag an eagraíocht.

Tá oibríochtaí atá á mbainistiú ag an Stiúrthóir agus ag an Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí, comhdhéanta de thrí chuid, Cásobair, Imscrúduithe agus an Fhoireann Tacaíochta Riaracháin (AST). Tá an AST á bainistiú laistigh de Chásobair.

Ba é aidhm na n-oibríochtaí próisis a dhaingniú agus a fheabhsú laistigh den Stiúrthóireacht. Baineadh í seo amach tríd an nasc riaracháin a sholáthraigh an AST a d'fheodhmigh mar nasc idir an Cásobair agus na hImscrúduithe.

D'éirigh leis na hoibríochtaí deireadh a chur le riaráistí a bhí ag feitheamh le cinneadh faoi inghlacthacht agus anois coinníonn siad ualach oibre caighdeánaithe suas go cúpla seachtain oibre ag am ar leith de ghnáth.

Iarradh ar Oifigigh Ceaptha freastal ar sheisiúin cúirte ar feadh tréimhse breise uaireanta. Chuir sé seo brú mór ar acmhainní imscrúdaithe mar ní raibh oifigigh a bhí ag freastal ar an gcúirt, ar fáil do chuspóirí imscrúdaithe nó le freastal ar an róta ar glao-dhualgas.

Chuir an GSOC oiliúint imscrúdaitheoirí ar bhonn foirmiúil agus chomhaontaigh sé creatlach mhaoirseachta idirnáisiúnta le gníomhaireachtaí maoirseachta creidiúnaithe i dTuaisceart Éireann, in Albain, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Le linn 2009, bhí timpeall is 70% dimscrúdaitheoirí uile an GSOC creidiúnaithe ag an gcaighdeán seo agus creidiúnaíodh an fuilleach in 2010. Ciallaíonn sé seo bhfuil imscrúdaitheoirí an GSOC oilte i dTeicnící Agallaimh chun a mhéad faisnéise agus atá de dhíth a fháil d'imscrúdú gearáin ar dhóigh dhlíthiúil.

Le freagairt go héifeachtach don leibhéal riachtanach imscrúdaithe bainteach le himbhualtí tráchta ar bhóithre, rinne triúr comhalta den rannóg Imscrúduithe oiliúint in imscrúdú fóiréinseach ar imbhualtí agus ghnóthaigh duine amháin díobh Teastas Ollscoile in Imscrúdú Fóiréinseach Imbhualtí ar Bhóithre.

Tagann Oifigigh Sinsearacha Imscrúdaithe (SIOs) sa Rannóg Imscrúduithe ó réimse cúlra imscrúdaithe. Rinne Oifigigh Sinsearacha Imscrúdaithe uile clár creidiúnaithe le hOllscoil Portsmouth. In 2010 gnóthaigh triúr den na hOifigigh Sinsearacha Imscrúdaithe creidiúnú le hOllscoil Portsmouth mar Oifigigh Sinsearacha Imscrúdaithe Creidiúnaithe. Tá an creidiúnú bunaithe ar bhonnchúrsa in imscrúdú agus dlí coiriúil soláthraithe ag Ollscoil Portsmouth (An Ríocht Aontaithe), ag an Honourable Society of Kings Inns agus ag an bhfoireann GSOC féin. Thosaigh roinnt oifigeach cúrsaí céime in Imscrúduithe Coiriúla le hOllscoil Portsmouth in 2010 agus tá beirt imscrúdaitheoirí ag críochnú dochtúireachtaí ábhartha.

Ina theannta sin chríochnaigh oibrithe foirne na rannóige Cásoibre agus Imscrúduithe araon oiliúint i gcur faoi agallamh daoine agus leanaí leochaileacha de réir riachtanas reachtúil.

Chun imscrúdú teagmhas criticiúil a éascú, chuir an GOSC caidre Oifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh (FLO) arb é dualgas s'acu obair a dhéanamh le baill teaghlaigh an mharbhánaigh, faoi oiliúint. Rinne triúr oibrithe foirne ón rannóg Cásoibre agus duine amháin ón rannóg

Cumarsáidí agus Taighde oiliúint mar Oifigigh Idirchaidrimh le Teaghlaigh chun an acmhainn Oifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh atá ann faoi láthair in GSOC a mhéadú. Chuaigh siad i mbun oibre le roinnt gníomhaireachtaí amhail Foras Ospíse na hÉireann, An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus Anam Cara leis an bhfaisnéis is féidir leo soláthar do theaghlaigh bainteach leis na teagmhais thragóideacha seo a fheabhsú.

Lena chois sin, chuir an eagraíocht oiliúint ar ochtar oibrithe foirne in Imscrúduithe Láithreacha Coire freisin. Bhí na hoifigigh sin rithábhachtach ó thaobh idirchaidreamh éifeachtach a fhorbairt le Biúró Teicniúil an Gharda Síochána agus leis an tSaotharlann Dlí-Eolaíochta. Feidhmíonn siad mar chuiditheoirí d'Oifigigh Sinsearach Imscrúdaithe maidir le comhairle a thabhairt i ndáil le bainistiú ar an láthair agus fianaise a fháil i dteagmhais thromchúiseacha.

Le linn 2010, d'fhreastail roinnt oibrithe foirne ar chúrsaí oiliúna inseirbhíse oiriúnach d'oibrithe foirne ó eagraíochtaí an Ombudsman in Éirinn agus thar sáile. Rinne oibrithe foirne ón rannóg Cásoibre Gradam Gairmiúil i gCúrsa Chleachtas Láimhseáil Ombudsman agus Gearán.

Thaistil oibrithe cásanna leithleacha go Glaschú le freastal ar an chéad Chomhdháil idir Ombudsman a bhí leagtha amach go háirithe d'Oibrithe Cásanna leithleacha ó na comhlachtaí maoirseachta póilíní in Albain, i Sasana, sa Bhreatain Bheag, i dTuaisceart Éireann agus i bPolacht na hÉireann. Thug an chomhdháil seo deis do na hoibrithe foirne a bhfaisnéis agus a n-eispéarais a roinnt lena macasamhail de phóilíní sna heagraíochtaí seo agus machnamh a dhéanamh ar chomhcheistanna a bhí acu agus iad ag plé le gearáin. Táthar ag súil gur féidir leo níos mó teagmhála a bhféadfaí tabhhairt isteach cláir aitheanta chreidiúnaithe d'Oibrithe Cásanna leithleacha sna heagraíochtaí Ombudsman bheith air mar gheall ar rath na comhdhála

Chuir oiliúint eagraíochtúil le mionleasuithe ar Pholasaí Bainistiú Foilseán an GSOC agus le leathadh amach oiliúna inmheánaí don fhoireann maidir le láimhseáil, pacáistiú agus lipéadú fianaise.

1.1.1 Riarachán

Ó bunaíodh an Fhoireann Tacaíochta Riaracháin (AST) in 2009 leis an bpróiseas riaracháin idir an rannóg Cásoibre agus an rannóg Imscrúduithe a athchóiriú, chuir sí le héifeachtúlacht na nOibrithe ina n-iomláine. Forbraíodh obair an AST a thuilleadh in 2010 agus mar thoradh uirthi seo, roinn siad níos mó faisnéise agus scileanna lena chéile agus chuaigh sé seo chun sochair dóibh freisin.

1.1.2 An Rannóg Cásoibre

Is í an Rannóg Cásoibre an chéad pointe do dhuine ar bith ón ngnáthphobal ar mian leo gearán a dhéanamh. Cé gurb é a príomhfheidhm gearáin a ghlacadh, déileálann sí le líon mór fiosrúchán a fhaigheann an eagraíocht. Is í aidhm na rannóige Cásoibre ná riar ar riachtanais ghearánaithe agus orthu sin a dhéanann fiosrúcháin a éifeachtúla agus a chomhréirí agus is féidir agus leis seo a dhéanamh tá trí réimse comhlánaithe ar fáil: an gearán nó a fiosrúchán a bhainistiú agus a thabhairt chun críche leis an rannóg Cásoibre; iad a chur faoi bhráid an Gharda Síochána go ndéanfaidh siad imscrúdú araíonachta; nó iad a chur faoi bhráid na rannóige Imscrúduithe.

Féadtar gearáin a dhéanamh don GSOC ar dhóigheanna éagsúla agus féadann an rannóg Cásoibre gearáin a fháil trí chomhfhreagras scríofa, ar an bhfón, trí ríomhphost a chur, ar líne trí shuíomh idirlín an GSOC nó trí agallaimh le daoine aonair a a théann go pearsanta

chuig oifig an GSOC. Faoi dheireadh na bliana 2010 bhí beirt Chásoifigeach Sinsearach 21 Cásoifigeach ag oibriú sa rannóg Cásoibre.

Déanann bainisteoirí Cásoibre athbhreithnithe rialta ar a próisis ghnó chun éifeachtúlacht a bharrfheabhsú agus chun cinntiú go ndéantar bainistíocht ar an líon cásanna gan mórán moille agus le tréachur tapa. Ba é ísliú sa líon gearán déanta sa tréimhse réamh-inghlactha ag deireadh na bliana; athruithe déanta don Phróiseas Réitigh Inmheánaigh agus aithint feabhsuithe sa Chóras Leictreonach Bainistithe Cáis, na torthaí a bhí ar an bpróiseas athbhreithnithe seo sa bhliain 2010.

1.1.3 An Rannóg Imscrúduithe

Tá an Rannóg Imscrúduithe freagach as imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí in éadan bhaill an Gharda Síochána, a bhféadfaí iompar coiriúil bheith i gceist, go príomha. Imscrúdaíonn sé teagmhais a ndéantar tagairt dóibh faoi alt 102 den Acht a dhearbhaíonn go gcuirfidh Coimisinéir an Gharda Síochána ceist ar bith faoi bhráid an GSOC is dóigh le Coimisinéir an Gharda Síochána a léiríonn go bhféadfadh baint a bheith ag iompar bhall an Gharda Síochána le bás nó le dochar tromchuisseach dhuine. Maidir le cúrsaí araíonachta, déanann an Rannóg Imscrúduithe maoirseacht ar líon teoranta imscrúduithe déanta ag an nGarda Síochána. Imscrúdaíonn siad ceisteanna mar a ndéanann an GSOC cinneadh go bhfuil imscrúdú inmhianaithe ar mhaithe le leas an phobail.

In 2010, bhí cúigear imscrúdaitheoirí is tríocha sa Rannóg Imscrúduithe agus eagraíodh I bhfoirne imscrúdaithe d'ochtair iad. Tá Oifigeach Sinsearach Imscrúdaithe i gceannas gach foireann. Tá sé cinn de na foirne lonnaithe in Oifig Bhaile Átha Cliath i Sráid na Mainistreach Uachtarach. Tá foireann amháin lonnaithe i Longfort.

1.1.4 Ionchúisimh Choiriúla

Bhí Oifigigh Ceaptha an GSOC rannpháirteach i dtrialacha le linn 2010. Is ualach mór ar acmhainní oibríochtúla na Rannóige Imscrúduithe iad trialacha coiriúla mar tá imlonnú oifigeach ceaptha i gceist chun teagmháil a dhéanamh le finnéithe agus taispeántais fhianaise a choinneáil agus a chur i láthair le linn an phróiseas trialach

1.1.5 Ionchoisní Cróinéara

Rinneadh a mhacasamhail d'infheistiú acmhainní in ullmhú Ionchoisní Cróinéara faoi bhásanna imscrúdaithe ag an GSOC. I measc na bhfreagrachtaí as ionchoisní tá toghairm agus teagmháil a dhéanamh le finnéithe sibhialtacha agus an Gharda Síochána, cabhair a thabhairt do theaghlaigh an mharbhánaigh agus cur i láthair fianaise.

Mar go bhféadtar líon básanna bheith faoi imscrúdú ag am ar bith, iarrtar ar imscrúdaitheoirí teagmháil a dhéanamh le hoifigí Cróinéara ar fud na tíre chun ionchoisní a shocrú agus éilimh déanta ag teaghlaigh an mharbhánaigh a éascú.

D'fhreastail an Dr. Brian Farrell, Cróinéir Chathair Bhaile Átha Cliath, ar chúrsa oiliúna Oifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh d'oibrithe foirne an GSOC agus thug sé léacht ar an dlí, ar an bpróiseas agus ar na nósanna imeachta Cróinéara.

Staidéar Cáis Ionchoisne Cróinéara

I mí Lúnasa 2010, bhí ionchoisne ann faoi bhás fir óig a maraíodh in imbhualladh tráchtar a bhóthar le comhalta den Gharda Síochána nach raibh ag obair agus a bhí i limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath. Tar éis imscrúdaithe déanta ag an GSOC, cuireadh comhad

chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí mar ba ghnách le cásanna ina raibh bás agus fuarthas treoir gan ionchúiseamh a dhéanamh.

De réir orduithe an Chróinéara, shocraigh an GSOC go bhfreastalódh roinnt finnéithe sibhialtacha, an Gharda Síochána agus imscrúdaitheoirí ó GSOC agus go dtabharfaidís fianaise. Dhiúltaigh finné sibhialtach amháin comhoibriú ar dtús agus eisíodh toghairm finné dó/di. Bhí cabhair de dhíth ar fhinné eile a chonaic an t-imbhualadh marfach, ó imscrúdaitheoir an GSOC, agus é/í ag oibriú mar fhinné teagmhála, le freastal air agus le fianaise a thabhairt. Níor labhair finné eile a chonaic an teagmhas Béarla agus mar sin de, bhí ateangaire de dhíth do/di sa chúirt.

Le linn an ullmhúchain don agus éisteacht an ionchoisne, bhí teagmháil dhlúth ag an Oifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh agus ag an Oifigeach Sinsearach Imscrúdaithe leis an teaghlach le cinntiú gur tugadh go leor faisnéise dóibh faoi phróiseas agus faoi dhul chun cinn na n-imeachtaí cúirte.

Bhi an t-ionchuisne ann d'éisteacht iomlán an lae agus ag an deireadh ba é “Death by Misadventure” breithiúnas an ghiúiré.

1.2 Gearáin a Ghlacadh

Tá freagracht ag oibrithe foirne a dhéileálann le cásanna réamh-inghlactha as gearáin a ghlacadh agus a chlárú ó dhaoine sa phobal agus as feidhmeanna riaracháin atá de dhíth a dhéanamh tar éis dóibh gearán a ghlacadh. Bionn teagmháil laethúil acu leis an ngnáthphobal agus le baill an Gharda Síochána go pearsanta agus ar an bhfón. Tá siad freagrach as cinntiú go bhfaightear go leor faisnéise ó ghearánaithe a luaithe agus is féidir le go ndéantar cinneadh ar inghlacthacht an ghearáin.

TÁBLA 1. Modh Glactha Gearán

Modh Glactha	Líon
Gearán	
Ríomhphost	485
Facs	47
Staisiún na nGardaí	454
Curtha faoi agallamh den láthair	3
Tríd an bPost	690
Oifig Phoiblí	328
Teileafón	251
Iomlán	2,258

TÁBLA 2. Tríchur Gearán


Tríchur Gearán	Líon
Ar láimh 31/12/09	1,220
Faighte in 2010	2,258
Dúnta in 2010	2,412
Ar láimh 31/12/10	1,066

1.3 Liomhaintí

Cineálacha Líomhaintí

Léiríonn Cairt 1 thíos mionbhreacadh síos ar na príomhchatagóirí de na cineálacha líomhaintí faighte. Is iad Mí-úsáid Údaráis, Faillí i nDualgas, Míchúirtéis agus Cionta Neamh-mharfacha na ceithre phríomhchineál is mó. Sa chatagóir “Eile” tá réimse líomhaintí amhail cúlpháirtí sa Ghníomh thuas, Gníomh Éillitheach nó Míchúí, Iompar Díchreidiúnach, Bréagthacht nó Seachantacht, Nochtadh Míchúí Faisnéise, Mí-úsáid Airgid nó Sealúchais, Meisce (Alcól), Sárú Rialacha Tráchtá ar Bhóithre, Cion Gnéasach, Bréagthacht nó Seachantacht agus Damáiste Coiriúil.


CAIRT 1 Cineálacha Líomhaintí



Fachtóir

Déanann an fachtóir cur síos ar an bpríomhchomhthéacs inar eascair an gearán. Ba iad na fachtóirí ba mhó ná cuardach/imscrudú, gabháil agus teagmhais tráchtá ar bhóithre (Cairt 2). Sa chatagóir “Eile” tá réimse fachtóirí amhail soláthar seirbhíse trí athghlaonna teileafóin agus sofheargracht don ghnáthphobal.


CAIRT 2 Factóirí i nGearain



Láthair


Is láthair í an áit fhisiceach mar ar tharlaigh an teagmhas ba chúis leis an líomhain. Ba iad áit phoiblí, an teach cónaithe agus coimeád na ngardaí (Cairt 3) na láithreacha ba mhó. Déanann an catagóir “Eile” tagairt go ginearálta do staisiún na nGardaí agus ní do choimeád i staisiún.

CAIRT 3. Láthair na Líomhna




1.4. Gearánaithe


CAIRT 4. Inscne an Ghearánaí



CAIRT 5. Aois an Ghearánaí




CAIRT 6. Náisiúntacht an Ghearánaí



1.5 Gardaí a bhí faoi réir ag gearáin

LÉARSCÁIL 1. Líomhaintí in aghaidh na Roinne den Gharda Síochána seachas Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (DMR)




TÁBLA 3. Líomhaintí in aghaidh na Roinne- seachas DMR

Roinn	Líon	Roinn	Líon
An Cabhán/Muineachán	98	Luimneach	196
An Clár	154	Lú	82
Cathair Chorcaí	141	Maigh Eo	129
Corcaigh Thuaidh	43	An Mhí	74
Corcaigh Thiar	55	Ros Comáin/Longfort	64
Dún na nGall	120	Sligeach/Liatroim	65
Gaillimh	147	Tiobraid Árann	65
Ciarraí	96	Port Láirge	214
Cill Dara	135	An Iarmhí	86
Cill Chainnigh/ Ceatharlach	95	Loch Garman	62
Laois / Uíbh Fhailí	118	Cill Mhantáin	93

LÉARSCÁIL 2. Líomhaintí in aghaidh na Roinne den Gharda Síochána- DMR

Líon na Líomhaintí



TÁBLA 4. Líomhaintí in aghaidh na Roinne – DMR

Roinn	Líon
D.M.R Thoir	170
D.M.R Thuaidh	382
D.M.R Thuaidh-Lár	227
D.M.R Theas	192
D.M.R Theas-Lár	317
D.M.R Thiar	313

CAIRT 7. Rang na nGardaí a ndearnadh gearáin fúthu

Mac Léinn/Promhóir – 1%

Garda – 75%

Sáirsint – 14%

Cigire – 3%

Ceannfort – 4%

Ard-Ceannfort – 1%

Ranganna Coimisinéara – 1%

Ní Fios – 1%

CAIRT 8. Inscne na nGardaí a ndearnadh gearáin fúthu

Baineann – 16%

Fireann – 84%

1.6 Freagairt do Ghearáin agus do Tharchuir

1.6.1 Inghlacthacht

Féadtar níos mó ná líomhain amháin bheith i ngearán. Scrúdaíonn agus measúnaíonn bainisteoirí sinsearacha gach gearán a fhaigheann an GSOC agus iad á bhfáil acu. Sna cásanna sin ina n-aithnítear cúrsaí criticiúla, tá córas mear i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar cinneadh inghlacthachta láithreach. Déanann an próiseas scagtha cinnte go seoltar ar aghaidh gearáin ina bhfuil eilimintí criticiúla d'imscrúdú cuí a luaithe agus is féidir.

Tugtar na cásanna eile a thagann as an bpróiseas scagtha do Bhainisteoirí Cáis agus d'Oifigigh Cáis. I gcásanna ina dtugann an gearánaí go leor faisnéise, féadtar cinní inghlacthachta a dhéanamh go tapa.

Glacann cásanna ina bhfuil níos mó faisnéise de dhíth le cabhrú leis an gcinneadh inghlacthachta níos mó ama le próiseáil. Tá amlínte leagtha amach do a leithéid seo de chásanna a n-iarrtar ar ghearánaithe an fhaisnéis a sholáthar, agus tar éis sin déantar an cinneadh inghlacthachta bunaithe ar an fhaisnéis atá ar láimh.

Ag tús 2010 bhí 171 gearán ar láimh ag an GSOC ag feitheamh le cinneadh inghlacthachta. Faoi dheireadh na Nollag 2010, bhí 52 gearán níos lú ar laimh sa chéim réamh-inghlacthachta. Is ionann seo agus laghdú 30% ar an líon gearán a bhí ar láimh sa chéim chéanna ag deireadh na bliana 2009.

In 2010, fuair an GSOC 2,258 gearán ó dhaoine sa ghnáthphobal agus bhí cinneadh déanta go raibh 722 díobh seo neamh-inghlactha. Bhí 4,931 líomhain de mhí-iompar gardaí sna gearáin agus bhí cinneadh déanta go raibh 1,087 díobh seo neamh-inghlactha.

Áiríodh ar na cúiseanna neamhinghlacthachta gearáin go raibh na gearáin déanta lasmuigh den teorainn ama sé mhí, nó gur bhain siad le smacht agus stiúir an Gharda Síochána a raibh nádúr chomh mion acu agus a chinn an GSOC go raibh siad suaibhreasach nó cráiteach. Sa chomhthéacs seo, níor ghá go gciallódh “craiteach” ábhailleach nó urchóideach, ach go ginearálta go ndéantar cinneadh go raibh na líomhaintí chomh mion sin nárbh fhiú imscrúdú a dhéanamh orthu.

1.6.2 Réiteach Neamhfhoirmiúil

Is iad catagoirí na ngearán a cheapann an GSOC atá oiriúnach do Réiteach Neamhfhoirmiúil ná na cinn sin a bhaineann le cúrsaí miona, cosúil le líomhaintí míchúirtéise agus faillí. Tá sé suntasach gur gearáin seirbhíse iad líon mór na ngearán seo agus rinne an GSOC teagmháil leis an nGarda Síochána le teacht ar mheicníochtaí níos fearr chun a leithéid seo de cheisteanna a aithint agus a réiteach gan an gá leis an milleán a chur ar dhuine nó ar rud. Níor leanadh le roinnt cásanna faoi alt 93(1)(c) den Acht. Rinneadh cinní gan leanúint leo tar éis caibidlí fada leis an ngearánaí agus leis an gcomhalta den Gharda Síochána bainteach leis araon. Rinneadh athbhreithniú ar gach cás le cinneadh ar dhéanamh ar cé acu a rinneadh imscrúduithe comhréireacha, cé go raibh siad neamhfhoirmiúil, ar theagmhais nó nach raibh agus le cinneadh a dhéanamh cé acu a bhí

imscrúdú níos foirmiúla riachtach nó nach raibh. De thoradh air seo, sa bhliain 2010, níor leanadh le roinnt cásanna neamhréitithe, ag cur baic ar an ngá le himscrúduithe araíonachta fada ar na cúrsaí “miona” seo. I gcúinsí nuair a síleadh nach raibh imscrúdú foirmiúil riachtanach tarchuireadh na cásanna chuig Coimisinéir an Gharda Síochána faoi alt 94(1) den Acht.

TÁBLA 5. Torthaí an Réitigh Neamhfhoirmiúil

Toradh	Líon
Líomhain tarraingthe siar	10
Réiteach Neamhfhoirmiúil	28
Ní raibh imscrúdú eile	99
riachtanach nó réasúnta praiticiúil	
Iomlán	137

1.6.3 Alt 94U: Imscrúdú Garda gan Mhaoirseacht

Ní mór d'Oifigeach Imscrúdaithe an Gharda Síochána (GSIO) gearáin a bhfuil cinneadh déanta orthu mar inghlactha agus atá tarchurtha chuig Coimisinéir an Gharda Síochána faoi alt 94(1) den Acht, a imscrúdú de réir *Garda (Discipline) Regulations 2007*. Cé go ndéanann oifigigh athbhreithniú ar chomhaid na ngearánaithe go rialta, níl ról gníomhach ag GSOC in imscrúdú an ghearáin. Is é ról an GSOC iarracht a dhéanamh cinntiú go bhfuil imscrúdú déanta laistigh de na teorainneacha ama aontaithe mar a shonraítear sa Phrótacal aontaithe idir Coimisinéir an Gharda Síochána agus an GSOC agus go gcuirtear an toradh in iúl go cuí do na páirtithe ábhartha é. Agus ag cuimhniú air sin, tá plé rialta ag an mbainistíocht Oibríochtaí le Bainistíocht Acmhainní Daonna an Gharda Síochána agus é ar intinn aici Oifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána a spreagadh chun imscrúduithe comhréireacha a dhéanamh. Bíonn teagmháil rialta ag oibríthe foirne an GSOC leis an ngearánaí le linn an imscrúdaithe agus é ar intinn acu dualgais an GSOC a chomhlíonadh faoi Alt 103 den Acht.

Mar gheall ar phróisis ghnó níos fearr agus ar meabhrúcháin thráthúla d'Oifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána bhí feabhsú san am a ghlacann sé le himscrúduithe a chríochnú. Tugadh córas iniúchta rialta isteach chun imscrúduithe a sháraigh na hamlínte leagtha amach i bPrótacail aontaithe idir Coimisinéir an Gharda Síochána agus an GSOC d'imscrúdú cásanna alt 94 (1) a aithint. Chabhraigh na hinúchtaí seo leis an bhfoireann cásanna a aithint agus de thoradh air seo bhí níos mó teagmhála rialta le hOifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána chun cabhrú leo a n-imscrúduithe a chríochnú go tapa. Bíonn cruinnithe rialta ag Oifigigh na foirne Réitigh le hoigigigh ó Aonad Bainistíochta Acmhainní Daonna an Gharda Síochána chun cásanna a bhfuil fadhbanna leo a phlé agus le teacht ar chomhaontú ar mhodhanna le dul chun cinn a dhéanamh in a leithéid seo de chásanna. Chabhraigh sé seo an caidreamh oibre leis an nGarda Síochána a neartú agus tuiscint idir an dá eagraíocht a fhorbairt faoi na deacrachtaí a bhí ag idir ghearánaithe agus Oifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána arb é tasc s'acu gearáin a imscrúdú.

TÁBLA 6. Torthaí ar Alt 94U: imscrúduithe garda gan mhaoirseacht

Toradh	Líon
Comhairle	42
Líomhain tarraingthe siar	77
Suaibhreasach nó Cráiteach	1
Rabhadh	8
Níl imscrúdú eile riachtanach nó réasúnta praiticiúil	425
Ní bhaineann Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána leis an gcomhalta anois	5
Níor aithin an CG sárú ar bith na Rialacha Araíonachta	520
Laghdú pá nach mó ná coicís	10
Foláireamh	1
Iomlán	1089

Athbhreithnithe ar Alt 94(10)

Tá Alt 94(10) i bhfeidhm do ghearánaí atá míshásta le torthaí imscrúdaithe gan mhaoirseacht, imeacht araíonachta ar bith a bhí tionscanta mar gheall ar an imscrúdú sin, le iarraidh ar an GSOC cúrsaí a athbhreithniú.

Ní mór d'Oifigeach Ainmnithe, Oifigeach Sinsearach Imscrúdaithe de ghnáth, na hathbhreithnithe seo a dhéanamh, agus féadann sé seo bheith iam-íditheach mar gheall ar an líon imscrúduithe atá faoi athbhreithniú agus i gcásanna eile mar gheall ar a gcoimpléascacht.

Tá feabhsuithe déanta i monatóireacht agus i gclárú na n-athbhreithnithe déanta ag na hOifigigh Sinsearach Imscrúdaithe a chabhraigh le héifeachtúlacht an phróisis a fheabhsú.

Le linn 2010, dhún an GSOC 122 athbhreithniú. In 117 eile cinneadh nach raibh gá le níos mó gnímh orthu agus sna cuig chás eile, ní raibh ga le níos mó gnímh orthu..

Bhí 34 athbhreithniú faoin alt seo ag dul ar aghaidh ar 31/12/2010.

1.6.4 Alt 94S: Imscrúdú Garda faoi mhaoirseacht ag an GSOC

Feidhm eile atá ag na foirne Imscrúdaithe is ea maoirseacht ar chúrsaí tarchurtha ar ais chuig Coimisinéir an Gharda Síochána le haghaidh imscrúdaithe faoi *Garda Síochána (Discipline) Regulations 2007*.

Cosúil le himscrúduithe alt 98, tá na cúrsaí seo éagsúil ina scóip agus ina gcoimpléascacht. Cé go bhfuil íosmhaoirseacht de dhíth i roinnt cásanna chun críoch sásúil a chur leo, bhí dianmhaoirseacht de dhíth ar roinnt cásanna a raibh maoirseacht orthu, mar shampla, mar gheall ar ghné íogair an ghearáin.

Coinníonn an GSOC teagmháil le hArd-Cheannfoirt Ainmnithe an Gharda Síochána chun na cúrsaí a imscrúdú agus ullmhaíonn siad straitéisí maoirseachta comhaontaithe scríofa do gach fiosrúchán.

TÁBLA 7. Torthaí alt 94S: Imscrúduithe Garda arna mhaoirseacht ag an GSOC

Toradh	Líon
Comhairle	8
Líomhain tarraingthe siar	6
Suaibhreasach nó Cráiteach	2
Rabhadh	4
Níl imscrúdú eile riachtanach nó réasúnta praiticiúil	79
Ní bhaineann Rialacháin	1
Araíonachta an Gharda Síochána leis an gcomhalta anois	
Níor aithin an CG sárú ar bith na Rialacha Araíonachta	110
Aithníonn an GSOC nach raibh mí-iompar ann ó bhall tar éis alt 98	8
Laghdú pá nach mó ná coicís	8
Iomlán	226

1.6.5 Imscrúduithe Alt 95

Is imscrúdú faoi alt 95 den Acht é an proiseas a úsáidéann GSOC le cúrsaí araíonachta a bhaineann le baill den Gharda Síochána a imscrúdú.

Is próiseas foirmiúil, teicniúil agus dlúthshaothair é alt 95, cosúil leis na próisis imscrúdaithe eile mar ní mór fógraí reachtúla a thabhairt don ghearánaí agus don bhall den Gharda Síochána lena mbaineann sé araon. Faoi iamh leis na fógraí seo tá fianaise cháipéisíochta bailithe le linn an imscrúdaithe nochta. Ligeann an próiseas seo do na páirtithe ábhartha aighneachtaí a chur chuig an GSOC dá mba mhian leo sin a dhéanamh.

TÁBLA 8. Torthaí ar Imscrúduithe Alt 95

Toradh	Líon
Comhairle	2
Líomhain tarraingthe siar	1
Níl imscrúdú eile riachtanach nó réasúnta praiticiúil	3
Níor aithin an CG sárú ar bith na Rialacha Araíonachta	13
Aithníonn an GSOC nach raibh mí-iompar ann ó bhall tar éis alt 98	1
Laghdú pá nach mó ná coicís	4
Foláireamh	1
Iomlán	25

Cás-staidéar ar Alt 95

In 2010, cuireadh críoch le himscrúdú alt 95 ina raibh líomhain ann gur sháraigh comhalta den Gharda Síochána na rialacha araíonachta de dheasca caidrimh mhíchuí le finné leochaileach nuair a bhí imscrúdú coiriúil ag dul ar aghaidh. Tar éis an imscrúdú alt 95, sheol an GSOC comhad chuig Coimsinéir an Gharda a ghair Bord Fiosrúcháin. D’admhaigh an comhalta den Gharda Síochána lenar bhain sí gur sháraigh a iompar na rialacha araíonachta agus thug sé fianaise mhaolaitheach.

Chinn an Bord Fiosrúcháin gurbh é an gníomh ba chúí ná go rachadh an comhalta ar scor ó go n-éireodh sé as a phost. Cé gur ceapadh go raibh an gníomh araíonachta seo ceart agus comhréireach, chinn an Bord agus iad ag déanamh machnaimh ar stair seirbhíse an bhaill agus ar a dhoilíos, go ndéanfaí laghdú ar a phá.

1.6.6. Imscrúduithe Alt 98

De thoradh an réimse leathain de ghné na líomhaintí a fhéadtar imscrúdú faoi alt 98, ní mór don fhoireann imscrúdaithe bheith ábalta cúrsaí ó imbhuailtí tráchta ar bhóithre go líomhaintí faoi ionsaí gnéasach a imscrúdú. Baineann na líomhaintí is coitianta, agus mar sin de, na líomhaintí ar a ndírítear an líon is mó acmhainní imscrúdaithe, le gearáin faoi ionsaí déanta de dheasca teagmhas oird phoiblí, gabhálacha agus cuardach.

Bíonn teagmháil rialta ag Oifigigh Ainmnithe le daoine ón ngnáthphobal i dtosca deacra agus strusmhara. Ar a dhála sin, iarrtar ar na hOifigigh Ainmnithe teagmháil a dhéanamh le baill den Gharda Síochána a fhéadann baint a bheith acu le teagmhas trámach atá faoi réir gearáin nó tarchuir anois. Tá cur chuige cothrom agus íogair tábhachtach don dá thaobh, áirithe nuair a bhí bás ann.

Le linn 2010, chuir lonnú na bhfoirne Imscrúdaithe in oifigí i mBaile Átha Cliath, i Longfort agus i gCorcaigh go mór le héifeachtúlacht na heagraíochta agus le húsáid fócasaithe na n-acmhainní a bhí ar fáil. Bhí éifeacht thairbheach aige mar gur laghdaigh sé costais taistil agus caiteachas.

Chabhraigh fócas níos mó ar comhréireacht na n-imscrúduithe déanta le hathchoiriú cleachtas laistigh den rannóg Imscrúduithe. Bhí Oifigigh ag brath níos mó ar chumarsáid leictreonach leis an nGarda Síochána agus le gearánaithe araon chun luas agus éifeachtúlacht na seirbhíse a mhéadú agus costais a laghdú a thuilleadh.

TÁBLA 9. Torthaí ar imscrúduithe alt 98

Toradh	Líon
Scéim Rabhaidh do Dhaoine Fásta	1
Comhairle	2
Líomhain tarraingtha siar	35
Suaibhreasach nó Cráiteach	2
Níl imscrúdú eile riachtanach nó réasúnta praiticiúil	396

Aithníonn an GSOC	289
nach raibh mí-	
iompar ann ó bhall	
tar éis alt 98	
Neamh-comhoibriú	128
ó ghearánaí	
Tarchurtha chuig an	10
DPP – Gan	
Ionchúiseamh	
Stiúrtha	
Tarchurtha chuig an	3
DPP –	
Ionchúiseamh	
Stiúrtha	
Foláireamh	1
Iomlán	867

Cás-staidéar Alt 98

Bhí imscrúdú déanta faoi alt 98 maidir le gearán ó bhean ó Chontae Chorcaí a líomhain gur ghabh gardaí go mícheart í ar an amhras go raibh sí ag tiomáint faoi thionchar dí. Ba dhiabéiteach a bhí spleách ar inslin í an gearánaí a raibh leibhéal a siúcra fola íseal nuair a gabhadh í. Cuireadh sé seo in iúl do na gardaí ag an am ach níor iarradh ar chabhair mhíochaine. Tháinig tinneas ar an ngearánaí agus tugadh isteach san otharlann í tar éis di siomptóim de chóma dhiaibéiteach a léiriú.

D’aithin imscrúdú iomlán ar na tosca nach raibh go leor fianaise ann go raibh cion coiriúil déanta ag comhalta ar bith den Gharda Síochána. Mar sin de, bhí imscrúdú déanta maidir le sárú féideartha rialacha araíonachta agus cuireadh comhad chuig Coimisinéir an Gharda Síochána. Dá thoradh seo, cinneadh gur sháraigh triúr gardaí na rialacha araíonachta agus tugadh comhairle dóibh maidir lena n-iompar.

1.7 Tarchuir faoi 102(1)

Bíonn Foireann Ghlaio-dhualgas buan 24/7 ann agus dualgas aici freagairt do gach tarchur faighte ó Choimisinéir an Gharda Síochána faoi alt 102(1) den Acht agus iad a imscrúdú go comhréireach fosta. Tá dualgas ar Choimisinéir an Gharda Síochána teagmhas ar bith ina bhféadfadh iompar garda bheith mar chúis le bás nó le dochar tromchúiseach dhuine a tharchur chuig a GSOC. Sa Phríomhfhoireann Ghlaio-dhualgas tá Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe, beirt Oifigeach Imscrúduithe agus Oifigeach Imscrúduithe Cúnta. Cuireann agus tacaíonn cúlfoireann, ina bhfuil Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe agus Oifigeach Imscrúduithe eile, leis an bpríomhfhoireann seo.

In 2010, fuair an Fhoireann Ghlaio-dhualgas 103 tarchur ó Choimisinéir an Gharda Síochána ; ta se sin cosúil leis an bhfigiúr de 104 tarchur faighte in 2009.

Léiríonn imscrúdú na dtarchur líon mór na hoibre déanta ag Oibríochtaí agus féadann Oifigigh Ainmnithe bheith ag obair ar na himscrúduithe fada, deacra agus dushlánacha seo.

Maidir le cúrsaí a bhaineann le básanna, féadtar sainimscrúdaitheoir a cheapadh I ról Oifigigh Idirchaidrimh le Teaghlaigh le dul I dteagmháil le teaghlach an mharbhánaigh. le comhoibriú leo

agus le cabhrú leo le linn an imscrúdaithe. Oibríonn an tOifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh leis an teaghlach chun cinntiú dtugtar go leor faisnéise dóibh faoi dul chun cinn an imscrúdaithe.

LÉARSCÁIL 3. Tarchuir in aghaidh na Roinne seachas DMR

Líon na dtarchur

0

1-5

6-10

TÁBLA 10. Tarchuir in aghaidh na Roinne seachas DMR

Roinn	Líon	Roinn	Líon
An Cabhán/ Muineachán	1	Luimneach	9
An Clár	5	Lú	10
Cathair Chorcaí	4	Maigh Eo	3
Corcaigh Thuaidh	7	An Mhí	1
Corcaigh Thiar	1	Ros Comáin/ Longfort	3
Dún na nGall	7	Sligeach/ Liatroim	2
Gaillimh	7	Tiobraid Árann	6
Ciarraí	1	Port Láirge	4
Cill Dara	0	An Iarmhí	1
Cill Chainnigh/ Ceatharlach	0	Loch Garman	1
Laois/Uíbh Fhailí	1	Cill Mhantáin	2

LÉARSCÁIL 4. Tarchuir in aghaidh na Roinne – DMR

Líon na dtarchur

0

1-5

6-10

TÁBLA 11. Tarchuir in aghaidh na Roinne- DMR

Roinn	Líon
D.M.R. Thoir	2
D.M.R. Thuaidh	3
D.M.R. Thuaidh-Lár	4
D.M.R. Theas	7
D.M.R. Theas-Lár	3
D.M.R. Thiar	8

CAIRT 9. Aois an pháirtí dhíobhálaithe nár gharda é/í

0-17 – 10%
18-30 – 47%
31-40 – 18%
41-50 – 16%
51-60 -5%
61-70 – 2%
71+ - 2%

CAIRT 10. Inscne an pháirtí dhíobháilaithe nár gharda é/í

Fireann – 76%
Baineann – 20%
Ní fios – 4%

CAIRT 11. Díobhálacha faighte agus gnéithe na ndíobhálacha

Díobháil – 66%
Gan Díobháil – 32%
Doiléir – 2%

Créacht Oscailte/Brú Craicinn – 31%
Ildhíobháil – 12%
Marfach – 14%
Briseadh Cnáimh – 19%
Doiléir – 24%

CAIRT 12. Modh inar tharla an díobháil

Ní Fios – 17%
Eile – 12%
Fornearr Fisiceach – 11%
Féin – 10%
Feithicil – 45%
Arm – 5%

CAIRT 13. Fachtóirí i dtarchuir alt 102

Gabháil – 14%
Díospóid Teaghlaigh – 5%
Le linn iad a bheith faoi choinneáil – 17%
Níos mó ná fachtóir amháin – 1%
Eile- Sonraigh le do thoil – 15%
Imeacht Poiblí – 1%
Cuardach/Imscrúdú – 1%
Teagmhas tráchta ar bhóithre – 46%

CAIRT 14. Lá tarchuir na seachtaine

Luan – 11%
Máirt – 13%
Céad – 12%
Déar – 11%
Aoine – 17%
Sath – 19%
Domh – 17%

CAIRT 15. Am tarchuir na seachtaine

06:00-14:00 – 14%
14:00-22:00 – 48%
22:00-06:00 – 38%

Cás-staidéar Tarchuir faoi Alt 102(1)

Rinne Coimisinéir an Gharda Síochána tarchur faoi alt 102 maidir le teagmhas i gCluain Dolcáin, Baile Átha Cliath. Glaodh ar ghardaí ar dtús le teacht agus le déileáil le teagmhas baile idir fear agus a iarpháirtneir. Bhí an fear ar meisce agus bhí sé ag iarraidh rochtana ar a iníon. D'fhreastail gardaí air agus gabhadh an fear as damáiste coiriúil a dhéanamh agus cuireadh glais lámh air. Agus glais lámh air d'ionsaigh fear eile é ar an láthair. D'éirigh leis an dara fear an fear a raibh glais lámh air a shá le scian phóca. Chuir na gardaí a bhí i láthair ann an fear a raibh an scian phóca aige faoi smach ag úsáid spré piobair agus díarmáladh agus gabháladh é. De dheasca na ndíobhálacha a tharla don fhear agus é faoi chúram na ngardaí, tharchuir Coimisinéir an Gharda Síochána an teagmhas chuig an GSOC faoi alt 102(1) den Acht.

D'fhreastail imscrúdaitheoirí GSOC ar láthair an teagmhais. Rinne imscrúdaitheoirí Láithreacha Coire imscrúdú ar an láthair agus chuir gardaí tús le imscrúdú faoi ionsaí ar an bhfear. Chuir an GSOC tús le himscrúdú ar na fáthanna a ndearnadh díobháil do phríosúnach na ngardaí agus é faoina gcúram.

Ghlac imscrúdaitheoirí an GSOC le cuntas ón duine a ndearnadh díobháil dó inar líomhain sé gur theip ar na gardaí a bhí i láthair gníomhú tapa go leor chun an díobháil le sá ó scian phóca a tharla dó a stopadh. Bhreith imscrúdú déanta ag an GSOC nach raibh mí-iompar coiriúil déanta ag comhalta ar bith den Gharda Síochána. Tarchuir an Garda Síochána an cúrsa ansin le aghaidh imscrúdaithe araíonachta. Rinne an GSOC maoirseacht ar an imscrúdú seo agus chinn sé nach raibh éagóir ar bith déanta ag garda ar bith, agus gur ghníomhaigh na gardaí a bhí i láthair ag an teagmhas ar dhóigh réasúnta agus ghairmiúil.

1.7.1 Torthaí na dTarchur

Bhí 81 imscrúdú ag an GSOC a tharla ó tharchuir ag dul ar aghaidh ar 1 Eanáir 2010. Fuair an GSOC 103 tarchur le linn 2010. Dhún an GSOC 100 imscrúdú a tharla ó tharchuir le linn na bliana. Léiríonn an tábla thíos torthaí na n-imscrúduithe dúnta seo. Bhí 84 imscrúdú ag an GSOC a tharla ó tharchuir, oscailte ar 31 Nollaig 2010.

TÁBLA 12. Torthaí na dTarchur

Torthaí na dTarchur faoi alt 102(1)	Líon
Níl imscrúdú eile riachtach nó réasúnta praiticiúil/ Níor aithníodh mí-iompar	95
Suaibhreasach nó Cráiteach (Ionchúisíodh agus ciontaíodh duine ina dhaidh sin faoi alt 110 den Acht as fáisnéis bhréige nó mhíthéorach maidir le himscrúdú GSOC a thabhairt go feasach)	1
Comhairle – Tar éis	1

níos mó imscrúdaithe faoi alt 95	
Foláireamh – Tar éis	1
níos mó imscrúdaithe faoi alt 95	
Laghdú pá nach níos mó ná coicís – tar éis imscrúdaithe faoi alt 94S	1
- tar éis imscrúdaithe faoi alt 95	2
Ní bhaineann Rialacha Araíonachta an Gharda Síochána leis an gcomhalta níos mó Tarchurtha chuig an DPP – Gan Ionchúiseamh Stiúrtha	
Iomlán	104

Fonóta: D'fhéadfaí líon na dtorthaí bheith níos mó ná líon na gcásanna dúnta mar d'fhéadfadh imscrúdú singil bheith bainteach le roinnt daoine aonair.

1.8 Alt 102(4) – Imscrúduithe le Leas an Phobail

Amhail 1/1/2010, bhí cúig imscrúdú ar siúl ag an GSOC a osclaíodh faoi alt 102(4), is é sin. ‘d’fhéadfadh an GSOC más léir é go bhfuil sé inmhianaithe le leas an phobail sin a dhéanamh agus gan gearán a fháil, cúrsa ar bith a léiríonn go bhféadfadh comhalta den Gharda Síochána (a) cion a dhéanamh nó (b) iompar a dhéanamh ba chúis le himeachtaí araíonachta’.

Dúnadh dhá cheann de na cúig imscrúdú seo in 2010. Amhail 31/12/2010, mar sin de, bhí trí imscrúdú dá leithéid seo ar siúl ag an GSOC. Níor cuireadh tús le himscrúdú nua ar bith faoi alt 102(4) le linn 2010.

Tugtar achoimre thíos ar na cúig imscrúdú a bhí faoi bhainistiú le linn 2010.

- Imscrúdú ar na himthosca a bhaineann le bás Mr. Terence Wheelock an 16 Meán Fómhair 2005; Dúnadh an t-imscrúdú seo le linn 2010. Níor tháinig sé ar fhianaise inchreidte ar bith de dhrochíde ar an Uas. Wheelock ag gardaí agus é á choinneáil acu. Rinneadh moltaí córasacha agus tá siad foilsithe ar www.gardaombudsman.ie
- Imscrúdú ar leorgacht imscrúdaithe an Gharda Síochána maidir le teagmhas tráchta ar bhóthar lenar bhain Mrs. Mary Seavers nach maireann agus le tiomsú tuarascáil an Gharda Síochána ina dhiaidh sin chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Bhí an t-imscrúdú seo ar siúl amhail 31/12/2010.
- Imscrúdú faoi líomhaintí de chlaonpháirteachas ag an nGarda Síochána le duine ainmnithe i ngluaiseacht agus soláthar drugaí rialaithe, agus ar nádúr agus ar mhéid aon chaidreamh idir comhaltaí an Gharda Síochána agus an duine ainmnithe sin. Bhí an t-imscrúdú seo ar siúl amhail 31/12/2010.

- Imscrúdú i leith mhí-iompar líomhnaithe Gardaí agus ógchiontóir á ghabháil i Roinn an Chabháin/Mhuineacháin go luath in 2009. Dúnadh an t-imscrúdu seo le linn 2010. Fuair an GSOC ábhar iarmharach bainteach le taifeadchoimeád ar dhéileáil an Garda Síochána leis go inmheánach. Mheas an GSOC go raibh níos mó gnímh riachtanach.
- Imscrúdú a d’eascair ó ábhair inní an Bhreithimh Frank O’Donnell ón gCúirt Choiriúil Chuarda maidir le caighdeán fianaise na nGardaí le linn trialach coiriúla. Bhí an t-imscrúdú seo ar siúl amhail 31/12/2010.

1.9 Alt 106 - Scrúdú ar Chleachtais, ar Bheartais agus ar Nósanna imeachta an Gharda Síochána

Mar nach bhfuair an GSOC iarratas ar bith faoi alt 106 den Acht, ní dhearna sé imscrúdú nua ar bith faoin alt seo le linn na bliana.

1.10 Prótacail

Le linn 2010, bhí idirphlé leathan idir an GSOC agus an Garda Síochána mar chuid d’athbhreithniú ar na prótacail atá ann faoi láthair idir na heagraíochtaí faoi seach. Bhí an t-idirphlé sin ar siúl go fóill ag deireadh na bliana 2010.

CAIBIDIL 2: Muinín an Phobail a Spreagadh

2.1 Sástacht Chustaiméirí

Rinne an GSOC a chéad Suirbhé ar Shástacht Chustaiméirí trí theagmháil phoist agus teileafóin a dhéanamh le sampla de 250 gearánaithe agus de 250 garda a ndearnadh gearáin fúthu agus dhún an GSOC é in 2010. Bhí ráta freagatha de 30% aige. Is iad seo a leanas na príomhnthorthaí.

- Mheas breis agus 90% de ghearánaithe agus 70% de ghardaí go raibh foireann an GSOC béasach, faisnéiseach, foighneach agus furasta le tuiscint.
- Mheas 81% de ghearánaithe agus 66% de ghardaí go raibh foireann an GSOC neamhchlaonta; agus mheas 7% de ghearánaithe agus 10% de ghardaí a mhalairt.
- Mheas 47% de ghearánaithe agus 41% de ghardaí go raibh an méid ama a ghlac sé leis an ngearán a imscrúdú sásúil; mheas 29% de ghearánaithe agus 2% de ghardaí go raibh sé róghairid; agus 18% de ghearánaithe agus 37% de ghardaí gur ghlac sé rófhada.
- Chuir 17% de ghearánaithe agus 65% de ghardaí in iúl go raibh siad sásta le toradh an phróisis; agus chuir 63% de ghearánaithe agus 18% de ghardaí go raibh siad míshásta le toradh an phróisis.

2.2 Próifíl an Ghearánaí

Chríochnaigh an GSOC an chéad bhliain dá Phróifíl Ghearánaí a bhí leagtha amach le cabhrú leis an GSOC tuiscint cé acu ba dhócha go ndéanfaidh catagóirí ar leith de dhaoine gearán faoi gníomhartha gardaí nó nár dhócha. Ní mheasann an suirbhé ar cé acu ba dhócha go bpléifeadh daoine áirithe le mí-iompar ghardaí nó nach bpléifeadh siad leis.

Léiríonn na torthaí gur dócha gur daoine bána, Éireannacha, maith sláintiúil, le Béarla, arb úinéirí tí iad, le hoideachas tríú leibhéal iad na daoine a dhéanann gearán don GSOC. Tá ionadaíocht láidir ann de dhaoine a ligeann tithe ar cíós, daoine atá dífhostaithe agus daoine a bhfuil drochshláinte orthu. Thar an iomlán, cuireann na torthaí in iúl nach dtagann gearánaithe a dhéanann gearán don GSOC ó chatagóirí de dhaoine faoi mhíbhuntáiste shóisialta go ginearálta.

CAIRT 16. Eitneacht Ghearánaithe

Bán – 88%
Gorm – 5%
Lucht Taistil – 4%
Áiseach – 1%
Eile – 1%
Gan Freagairt – 1%

CAIRT 17. Céad Teanga Ghearánaithe

Sasanach – 87%
Éireannach – 4%
Polannach – 2%
Rúiseach – 1%
Francach – 1%
Mandairíneach - 0.5%

CAIRT 18. Stádas Tithíochta Ghearánaithe

Úinéir – 42%
Ligthe ar Cíos – 41%
Aoi – 2%
Gan Dídean – 1%
Eile – 12%
Gan Freagairt – 2%

CAIRT 19. Stádas Sláinte/Míchumais Ghearánaithe

Drochshláinte/Míchumas – 22%
Gan riocht – 73%
Gan Freagairt – 5%

CAIRT 20. Stádas Fostaíochta Ghearánaithe

Fostaithe/Féinfhostaithe – 34%
Cúramoir – 3%
Ar Scor – 9%
Dífhostaithe – 27%
Duine faoi oiliúint/Mac léinn – 8%
Niltar ar fáil le hoibriú – 6%
Eile – 11%
Gan freagairt – 2%

CAIRT 21. Gnóthachtáil is airde oideachais Ghearánaithe

Bunscoil – 10%
Meánscoil – 34%
Treasach – 45%
Gan oideachas foirmiúil – 2%
Eile – 6%
Gan freagairt – 3%

CAIRT 22. An Modh a chuala gearánaithe faoin GSOC

Preas – 22%
Raidió – 7%
Idirlíon – 10%
Garda – 16%
Cúirt – 1%
Teaghlach/cara/duine aitheantais – 26%
Eile – 14%
Gan freagairt – 4%

2.3 Dearcadh an Phobail

Choimisiúnaigh GSOC Millward Brown Lansdowne le suirbhé a dhéanamh faoi dhearcadh an daonra náisiúnta maidir leis an GSOC, Bhí sé seo déanta go luath in 2011 mar léiriú ar an mbliain roimhe.

- Tá chóir a bheith 8 as 10 duine fásta sásta leis an nGarda Síochána agus ní chuirann ach duine as deichiúr a míshástacht in iúl. Níl difear idir neamhnáisiúnaigh Éireannacha agus an daonra náisiúnta I dtéarmaí an leibhéal sástachta. Bhí na daoine sin a bhí i dtrioblóid leis an nGarda Síochána le déanaí níos lú sásta ná an meánfhigiúr. Tá níos lú muiníne ag daoine as na gardaí faoin dóigh a ndéileáil an Garda Síochána le gearáin faoi na gardaí i gcomparáid leis na ‘croighníomhaíochtaí’ mar a bhraitear orthu amhail coireanna a imscrúdú
- Léiríonn Neamhnáisiúnaigh Éireannacha an leibhéal cosúil muiníne ar fud na ngíomhaíochtaí uile.
- Bhí trí cheathrú díobh siúd a raibh déileáil dhéanach acu leis na Gardaí sásta leis an eispéaras. Tá sé níos dóchúla go daoine níos sine agus iad a bhfuil cónaí orthu faoin tuath sásta.
- Bhí 19% de na daoine siúd nár chuala riamh roimhe faoin GSOC míshásta lena gcaidreamh déanach leis an nGarda Síochána.
- Chuaigh duine as ceathrar díobh siúd a bhí míshásta lena gcaidreamh chun gearán a chlárú, agus tá sé seo i gcontrárthacht lom leis an dhá thrían de dhaoine fásta Éireannacha a mhaíonn go ndéanfaidís gearán dá mbeidís míshásta le caidreamh teoiriciúil.
- Dhéanfaidh trian amháin de dhaoine fásta gearán leis an GSOC, atá cothrom leis an méid a luaitear faoin nGarda Síochána é féin. Is bealaí le gearáin a dhéanamh iad beirt. Tá sé níos dóchúla go ndéarfadh daoine níos óige agus Neamhnáisiúnaigh Éireannacha nach raibh a fhios acu ar an áit le gearán a dhéanamh.
- Creideann seisiúr as deichniúr daoine fásta go bhfuil mí-iompar ann sa Gharda Síochána.
- Nuair a thugtar leid dóibh, dúirt trí cheathrú de dhaoine fásta Éireannacha gur chuala siad faoin GSOC–Léiríonn daoine níos óige agus Neamhnáisiúnaigh

Éireannacha (duine amháin as triúr) na leibhéil is lú feasachta, rud a dhearbhaíonn treocht. Admhaíonn an móramh daoine stádas nemahspleách an GSOC.

- Aontaítear go láidir go bhfuil an GSOC neamhchlaonta, go spreagann sé freagracht agus go bhfeabhsaíonn sé an caidreamh leis an ngnáthphobal.
- San iomlán, léiríonn an taighde seo gur fhorbair an GSOC próifíl dhaingean leis an ngnáthphobal i dtéarmaí feasachta ar a ról sa tsochaí ahgus ar a chlú mar chomhlacht neamh spleách I dtréimhse ama ghairid. Den chuid is mó, is léir go dtugann an gnáthphobal le tuiscint go soiléir gur rud réalaíoch é mí-iompar laistigh den Gharda Síochána agus gurb é imscrúdú neamhchlaonta an dóigh is cuí le déileáil leis. Leanann cumarsáid le bheith riachtanach chun cinntiú go bhfuil a fhios ag an ngnáthphobal ar an dóigh le gearán a chlárú, más gá é agus le muinín a fhorbairt faoi thoradh dhearfach.

2.4 For-rochtain don Phobal

Chinn an GSOC ar leanúint ar aghaidh leis an téama a roghnaíodh don obair For-rochtana pobail in 2009- ‘Ógánaigh ar an Imeall’. Bhí an GSOC ag idirchaidreamh arís le clár Ógtheagmháil¹ clár atá dírithe ag an déimeagrafach a d’aimsigh an GSOC ina chás-ualach.

Cuireadh fiche caint i láthair in 2010 in ionaid Ógtheagmhála i mBaile Átha Cliath, i gcontaetha Chorcaí, Chiarraí, Mhaigh Eo, agus Ros Comáin. Thug grúpa amháin Ógtheagmhála cuairt ar cheannáras an GSOC ag 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach I mí Feabhra 2010. Bhí na grúpaí comhdhéanta de idir 30-50 mac léinn de ghnáth. Cuireadh tús leis na cainteanna le forléargas ar cad atá i gceist leis an GSOC agus díríodh den chuid is mó ar an gcóras gearáin, ach díríodh freisin ar roinnt réimsí eile oibre – tarchuir Alt 102, cleachtas, saincheisteanna polasaí agus nósanna imeachta agus imscrúduithe ‘ar mhaithe leis an bpobail’. Roinneadh go leor faisnéise ag na seisiúin sin agus bhíodar forghníomhach. Ba chóir a thabhairt ar aird gur cuireadh go leor de na saincheisteanna agus de na ceisteanna céanna i láthair ag na cainteanna go léir agus b’fhéidir gur léargas é sin ar threochtaí náisiúnta, mar shampla: cad iad na cearta ata agam dá mbeadh garda do mo stopadh agus do mo chuardach? Leanann na tionscnaimh for-rochtana sin ag tabhairt léargas don GSOC ar ábhair a dhéanann inní do na grúpaí sin.

2.5 For-rochtain do Ghardaí

Lean an GSOC lena seimineáir agus a léachtaí a sholáthar do chomhaltaí an Gharda Síochána trí Cholaíste an Gharda Síochána, An Teampall Mór. Ina measc bhí cainteanna ann do mhic léinn agus do phromhóirí I mbun oiliúna ag Céim III agus Céim IV. Chuir an GSOC seimineáir ar siúl do rannpháirtithe sna cláir oiliúna mhaoirseoireachta bhainistithe ag na céimeanna a leanas Sáirsint, Cigire agus Ceannfort le linn 2010. Le linn oiliúint Aonaid Réigiúnacha Tacaíochta na nGardaí, chuir an GSOC seimineáir ar siúl faoi na ceisteanna is dócha a bhí tabhachtach dóibh.

Chas pearsanra an GSOC ar ionadaithe Chumann Ionadaíochta an Gharda Síochána (GRA) agus ar Chumann Sáirsintí agus Cigirí den Gharda Síochána (AGSI) le linn 2010. Rinne an GSOC teagmháil leis AGSI maidir leis na rúin ar glacadh leo ag an gComhdháil Bhliantúil Toscairí agus le cúrsaí eile a d’ardaigh oifigigh an AGSI ina gcomhfheagras.

2.6 Grúpa Comhairleach

Le cois na cumarsáide rialta, leanúnaí, neamhfhoirmiúla, bhí comhchruinniú foirmiúil amháin ag an GSOC lena pháirtithe leasmhara uile i bhfóram an Ghrúpa Chomhairligh le linn 2010. I rith an chruinnithe seo, pléadh ábhair chomhshuime agus ghlac baill de Choimisiún an Ombudsman agus den Fhoireann Shinsearach Bainistíochta rannpháirt i seisiún cheisteanna agus freagraí tairbheach ar réimse topaicí. Forbraíodh an caidreamh le páirtithe leasmhara agus is é an comhdhearcadh gur maith an tuar don todhchaí é. Spreagann an GSOC a gheallshealbhóirí agus a pháirtithe leasmhara uile teagmháil a dhéanamh leis ag am ar bith a mheasann siad atá riachtanach maidir le héifeachtúlacht leanúnach.

Seo a leanas na comhlachtaí atá rannpháirteach sa Ghrúpa Comhairleach:

- An Garda Síochána (an bhainistíocht)
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí
- Cumann Ionadaíoch an Gharda Síochána
- Cumann Sáirsintí agus Cigirí den Gharda Síochána
- Cumann Ceannfort an Gharda Síochána
- Cumann Ard-Cheannfort an Gharda Síochána
- Cigireacht an Gharda Síochána, agus
- Coimisiún Cearta Daonna na hÉireann.

2.7 Soláthar Faisnéise

Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise

Tá an GSOC clúdaithe faoi raon na *Data Protection Acts 1988 and 2003* agus le linn 2010, d'fhreagair sé do gach ceann de na 22 iarratas rochtana a fuair sé de bhun na nAchtanna sin laistigh den tréimhse ama reachtúil. Tugtar faoi deara cé gur laghdaigh líon na n-iarratas ó na líonta sna blianta roimhe, mhéadaigh coimpléascacht a leithéid seo d'iarratais go mór, a chiallaigh gur caitheadh cuid mhór ama agus acmhainní ar an tasc seo. Iarradh ar chomhairle ó Aonad Ghnóthaí Dlí an GSOC roinnt uaireanta le linn 2010 chun an léirmhíniú ceart ar na píosaí éagsúla reachtaíochta lena mbaineann sé a shainmhíniú do Choimisiún an Ombudsman agus chun cinntiú go gcloíann sí leo. Cé go n-aithníonn sí na dualgais a chuireann an tAcht uirthi maidir le rúndacht faisnéis ar leith, tá an eagraíocht tiomanta d'fhreagrachtaí cruinne agus cuimsitheacha a thabhairt mar is bunphroiceacht thiomantas an GSOC é le bheith oscailte agus freagreach. Ba mhaith leis an GSOC a bhuíochas a ghabháil le hOifig an Choimsinéara Cosanta Sonraí as an gcomhairle a fuair sé ar roinnt ceisteanna ábhartha le linn 2010.

Níl an GSOC clúdaithe ag paraméadair *Freedom of Information Acts 1997 and 2003*.

Na Meáin

Agus é ag déileáil leis na meáin poiblí, coimeádann an GSOC an tseirbhís meán an t-am ar fad. D'fhreagair an GSOC do 325 fiosrúchán shubstainteacha ó na meáin le linn 2010. Agus am freagartha de dhá uair le linn uaireanta oibre agus ceithre huair taobh amuigh d'uaireanta oibre mar sprioc aige, bhain sé toradh rathúil amach in 96% de na fiosrúcháin. Bhí na fiosrúcháin sa réimse ó nuashonrú ar imscrúduithe atá ag dul ar aghaidh faoi láthair, ionchoisní Cróinéara, láithris sa chúirt, faisnéis staitistiúil go scéala úr rag teacht isteach faoi theagmhais ardphróifíle.

Ceisteanna Parlaiminte

Cé gur gníomhaireacht neamhspleách na hearnála poiblí é GSOC tá sé freagrach don Oireachtas agus freagraíonn sé Ceisteanna Parlaiminte (PQs) tríd an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. I rith nab liana 2010, d'fhreair an GSOC níos mó 25 Ceist Parlaiminte ar réimse leathan ábhar a bhaineann le gnéithe éagsúla dá oibríochtaí. Tugadh ábhar mionteagaisc don Aire ar líon mór ceisteanna breise agus ar ábhair eile bhreise.

Fiosrúcháin

Fuair an GSOC 64 fiosrúchán shubstainteacha ó dhaoine sa ghnáthphobail. Ina theannta sin, thug sé cabhair éilithe, de nádúr staitistiúil go ginearálta, mar fhreagairt do 33 fiosrúchán ó ghníomhaireachtaí Stáit.

Ullmhaíodh staitisticí ar líomhaintí faoi iompar idirdhealaitheach gardaí do mheicníocht tuarascála Choinbhinsiún Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdehalaithe Chiníoch a Dhíothú. Tugadh an t-ábhar seo don Chomhairle um Chearta an Duine ina ról mar an Lárionad Náisiúnta laistigh de An Gréasán Eorpach um Fhaisnéis ar Chiníochas agus ar Sheineafóibe (RAXEN), príomhghléas tuarascála Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

Suíomh Idirlín

Cothaíonn an GSOC suíomh idirlín www.gardaombudsman.ie. Mar aon le faisnéis ábhartha suas chun dáta ar reachtaíocht, ar fhoilseacháin agus ar staitisticí míosúla, ligeann an suíomh don ghnáthphobal gearán a dhéanamh ar-líne go slán sábháilte. Éascaíonn sé do brabhsálaithe fiosrúcháin a chur isteach.

In 2010, tugadh 21,909 cuairt ar an suíomh idirlín, agus ba chuartheanna nua iad 75.05% díobh. D'fhéach 16,753 cuairteoir uathúla ar an suíomh idirlín. Rinne cuairteoirí brabhsáil ó 88 tír/críoch, agus bhí 74.39% díobh seo ó Éirinn.

Teagmhálaithe Idirnáisiúnta

Ghlac an GSOC páirt i gcaididlí lena gcomheagraíochtaí I Sasana, sa Bhreatain BHeag, dTuaisceart Éireann agus Albain. Chuir an bhainistíocht shinsearach le forbairt cheapadh beartais san Éoraip trína bhallraíocht de European Partners Against Corruption. Lena fhreastal ar Chomhdhála Bliantúla amhail North American Civilian Oversight of Law Enforcement and Canadian Civilian Oversight of Law Enforcement ta sé ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí idirnáisiúnta.

Cuairteanna ar an GSOC

Thug toscairí rannóga gearán agus maoirseachta eagraíochtaí póilíneachta agus chomhlachtaí neamhspleacha maoirseachta buairt ar an GSOC ó Ríocht Leosóta, Hong Cong, ón tSeoirsia agus ón

Phalaistín. Fuair na toscairí seo faisnéis ar obair an GSOC agus ar na comthéacsanna chearta daonna ina n-oibríonn maoirseacht nemahspleách in Éirinn.

Caibidil 3: Riarachán agus Tacaíocht

3.1 Forléargas Bainistíochta

Bhí sé de chuspóir ag gach rannóg san eagraíocht úsáid stuama a bhaint as gannacmhainní ar dhóigh nach raibh tionchar diúltach aige ar a croíghnó agus a croísheibhísí. Ba iad béim ar sheirbhís a roinnt nuair is cuí é, fócas níos mó ar ar phrionsabail rialachais mhaith i dtéarmaí soláthair agus freagrachta na torthaí a tháinig as.

3.2 Airgeadas

Tá an GSOC tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais maidir le húsáid chistí pobail. Cuireann freagracht, cruinneas agus follasacht taca faoi pholasaithe agus nósanna imeachta airgeadais an GSOC.

In 2010, rinne comhlacht seachtrach athbhreithniú ar nósanna imeachta inmheánacha airgeadais an GSOC, agus rinne an Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Aonad Iniúchta Imheánaigh DJLR iniúchadh air chun ardchaighdeáin leanúnacha i gcleachtais agus i nósanna imeachta a chinntiú.

In 2010, dáileadh buiséad de €10,242,000 ar an GSOC, ó airgid vótáilte don DJLR. Bhí an dáileadh buiséid do 2010 déanta de €4,945,000 maidir le pá agus €5,297,000 maidir le caiteachas neamhphá. Rinneadh an caiteachas réamh-mheasta a phróifiliú agus sannadh an caiteachas feadh na rannóga feidhme éagsúla; d'éascaigh sin le cineachadh bhuiséid go dtí bainisteoirí líne agus rialú buiséid níos fearr trí tháirgeadh thuarascálacha caiteachais mhíosúla eagraíochta agus rannáin don fhoireann bainistíochta sinsearach ar bhonn míosúil.

Faoi dheireadh na bliana 2010, ba é €9,233,863.45 méid an chaiteachais a bhí comhdhéanta de chaiteachas pá de €5,765,772.22 agus caiteachas neamhphá de €3,468,946.67.

Léiríonn alt 77 d'Acht 2005 go bhfuil sé de dhualgas ar an GSOC a gcuid ráitis airgeadais bhliantúla a bheith ullmhaithe roimh an 31ú Márta agus iad a bheith seolta chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. I rith 2010 shínigh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ráitis airgeadais an GSOC i ndáil le 2009.

Mar thoradh ar shocruithe sonracha i ndáil le deonú maoiniú ón DJELR, mar atá socraithe amach faoi alt 71 den Acht, is é Rúnaí Ginearálta an DJELR Oifigeach Cuntasaíochta an GSOC. Mar thoradh air sin, titeann an GSOC faoi dhualgas an DJELR agus táthar faoi réir ag forbhreathnú airgeadais ón Aonad Iniúchta Inmheánaigh san DJELR. Ina theannta sin déanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh go bliantúil ar an GSOC.

Léiríonn an tábla thíos an caiteacha agus na coigitis in 2010.

TÁBLA 13. Caiteachas agus Coigiltis 2010

Catagóir	An Bunbhuiséad	Caiteachas	Buiséad Fágtha
Eanáir go Nollaig 2010			
A01 Tuarastail, Pánna & Liúntais		5,765,772.22	
A02 Taisteal & Cothú		184,977.13	
A03 – Costais Theagmhasacha		443,385.12	

A04 – Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide	124,998.07	
A05 – Innealra Oifige & Soláthairtí Oifige Eile	835,723.51	
A06 – Caiteachas Oifige & Áitribh	1,862,254.01	
A07 – Seirbhísí Comhairliúcháin	Nil	
A08 – Caiteachas Taighde	17,608.83	
Leithghabháil i gCabhair	-803.44	
Códanna Éagsúla	Nil	
Iomlán	10,242,000	9,233,863.45
		1,008,137

Fonóta: Tabhair ar aird le do thoil nach bhfuil iniúchadh déanta go fóill ar na figiúirí a léirítear.

3.3 Acmhainní Daonna agus Oiliúint

Acmhainní Daonna

I rith 2010, laghdaigh díorma foirne an GSOC go 87.2 coibhéis lánaimseartha (cl). De réir an Chreat Rialaithe Fostaíochta (ECF) tá díorma údaraithe an GSOC ag 87 oibrí foirne.

An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Tar éis soláthar rathúil oiliúint shaincheaptha PMDS do gach oibrí foirne in 2009, in 2010 cuireadh an scéim PMDS i bhfeidhm in GSOC. Measann an Bhainistíocht Shinsearach gur eilimint riachtanach é PMDS a chuireann taca faoin bpróiseas pleanála gnó.

Oiliúint agus Forbairt

Le linn 2010, d'éascaigh Rannóg Oiliúna an GSOC don fhoireann le freastal ar chúrsaí oiliúna, ar sheimineáir agus ar chomhdhála ábhartha. Is fianaise é an gealltanas le hinfheistiú in oiliúint agus i bhforbairt na foirne ar dhiongbháilteacht an GSOC go gcuirtear lánacmhainní ar fáil do gach uile oibrí foirne agus go bhfuil siad lánábailte a spriocanna gnó a chomhlíonadh ar dhóigh ghairmiúil agus éifeachtúil.

Tá liosta iomlán de ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha solathraithe in 2010 leagtha amach in Aguisín 1.

3.4 An Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT)

Tá freagracht fhoriomlán ar an rannóg ICT as bainistiú, forbairt agus cothabháil na gcóras IT laistigh den GSOC. Is í príomhaidhm an Rannóg ICT as soláthar seirbhísí éifeachtúlachta agus éifeachtacha chun tacú leis an bpróiseas gnó agus slándáil ICT agus sláine na gcóras agus na mbunachar sonraí a chinntiú fosta. Seo a leanas cur síos gairid ar an roinnt gníomhaíochtaí déanta ag an Rannóg ICT in 2010.

Tacaíocht ó lá go lá do Sheirbhísí Gutha agus Sonraí

Síneann an tacaíocht ó lá go lá de sheirbhísí ICT idir soláthar Saoráid Deasc seirbhíse go dtí fabhtcheartú agus réiteach ar shaincheistanna úsáideoirí, córais agus feidhmchláir. Áirítear le hobair chothabhála a dhéanann an rannóg ICT obair choiscitheach nó cheartaitheach agus áirítear leis monatóireacht, scrúdú, tástáil, cumraíocht, modhnú, deisiú agus athsholáthar ar chrua-earraí/bogearraí/ comhpháirteanna dochtarraí ICT agus córais.

Sa bhliain 2010 fuair an rannóg ICT 1,459 iarratas ar sheirbhís tríd an áis Saoráid Deasc. Déileáladh leis na hiarratais ar sheirbhís seo agus thángthas chun réiteach iad.

Leathnú Infrastruchtúr ICT go hOifigigh Réigiúnacha GSOC

Leathnaíodh seirbhísí ICT go hoifig Chorcaí GSOC i rith 2010. Bhí suiteáil chóras cáblaithe struchtúrtha laistigh den oifig i gCorcaigh agus suiteáil na gcrua-earraí riachtanacha le tacú leis na córais ghutha agus sonraí i gceist. Rinne an GSOC comhaontú ciorcadroinnte leis an tSeirbhís Promhaidh chun lúdracht líonra achair fhairsing (WAN) a sholáthar ar ais dom cheannáras I mBaile Átha Cliath.

Rinne an GSOC uasghrádú ar an gciordad ag nasc Ceannáras GSOC leis an oifig réigiúnach i Longfort ó chiorcad 256k go ciorcad 2Mb agus chuir sé sin feabhas mór ar na Seirbhísí ICT I Longfort ó thaobh luais agus caighdeán de. Baineadh é seo amach nuair a cinntíodh comhaontú le Seirbhís Príosún na hÉireann an bandaleithead ar a nasc le Líonra an Rialtais a roinnt.

Lúdracht Líonra trí Nód Pointe Rochtana an Rialtais (APN)

D'fheabhsaigh an Rannóg ICT slándáil na gcian-nasc d'infrastruchtúr ICT tríd an bhfoireann ag úsáid ríomhairí glúine in 2010. Baineadh é seo amach tríd an gcianthracht uile a ródú trí APN an Rialtais

Trí úsáid a bhaint as Líonraí APN an Rialtais d'aonaraigh an GSOC cuid de líonra náisiúnta an tsoláthraí seirbhíse agus rinne sé síneadh den Líonra Achair Logánta (LAN). Mar sin de, téann an sreabhadh sonraí idir cianúsáideoir agus infrastruchtúr an GSOC ar bhealach phríobháideach seachas an t-idirlíon poiblí a thrasnáil.

Criptiú USB

Chuir an Rannóg ICT feabhas ar shlándáil sonraí nuair a thug siad gléasanna criptithe USB isteach. Cosnaíonn gléasanna criptithe USB sonraí an GSOC ar eagla go gcailltear nó go ngoidtear ceann de na gléasanna seo.

Fíorúlú Freastalaí

Thosaigh an GSOC clár fíorúlú freastalaí i rith 2010. Molann Rannóg ICT an GSOC go n-ascnaítear a mhéad freastalaithe fisiceacha agus is féidir go dtí an timpeallacht freastalaí fíorúil ar bhonn céimnithe seachas rud eile eile a shuiteáil in áit na bhfreastalaithe fisiceacha. Tá sé ar intinn na rannóige ICT an próiseas seo a chríochnú in 2011.

3.5 Gnóthaí Dlí

Tá an rannóg Ghnóthaí Dlí comhdhéanta de thriúr dhlíodóirí agus duine amháin atá ar an bhfoireann tacaíochta riaracháin.

In 2010, áiríodh ar phríomhfheidhmeanna Ghnóthaí Dlí, comhairle a thabhairt do chomhaltaí Choimisiúin an Ombudsman ar ghnéithe dá gcuid feidhme reachtúil agus ar bhainistiú ar chásanna os comhair na gcúirteanna ina raibh leas feidhme ag an GSOC.

Comhairle Dlí

Caitheadh formhór de chuid am na rannóige ag tabhairt tacaíochta d'Oibríochtaí trí chomhairle dlí a sholáthar maidir le gach gné den obair lena n-áirítear bainistiú gearán, láimhseáil imscrúduithe araíonachta agus feidhmiú cumhachtaí imscrúdaithe coiriúla/póilíneachta ag an Rannóg Imscrúduithe. Áiríodh leis an obair sin comhairle a thabhairt maidir le cásanna agus comhaid aonair agus áiríodh leis freisin comhairle a thabhairt ar fhorbairt córas, próiseas agus nósanna imeachta. Cabhraíodh leis sin trí sheisiúin oiliúna rialta, don fhoireann GSOC, maidir le príomhshaincheistean dlí oiriúnacha in obair an GSOC. Bhí Gnóthaí Dlí rannpháirteach go mór freisin ag tabhairt tacaíochta d'Oibríochtaí agus iad ag ullmhú agus ag freastal ar thrialacha mar aon le comhairle a thabhairt ar chomhfhreagras le comhairleoirí dlí do pháirtithe d'imscrúduithe.

Dlíthíocht

Tá Gnóthaí Dlí freagrach as bainistiú ó lá go lá gach dlíthíocht ina mbíonn an GSOC rannpháirteach, idir shibhialta agus choiriúil araon. Déantar comhordú freisin ar idirchaidreamh le hOifig an Stiúrthóra um Ionchúiseamh Poiblí agus le líonra an Aturnae Stáit mar aon le comhairle a thabhairt ar agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar 27 comhad tarchurtha ag Coimisiún an Ombudsman chuig an DPP le linn 2010 a bhain le 31 comhalta den Gharda Síochána agus le seachtar daoine eile nár ghardaí iad. Tugadh rabhadh do dhuine fásta i gcás amháin. Stiúir an DPP ionchúiseamh in 11 caso a bhain le 14 comhalta den Gharda Síochána agus le triúr daoine eile nár ghardaí iad. Cuireadh aon cheann déag de na cásanna seo os comhair na gcúirteanna amhail 31 Nollaig 2010.

Cuireadh deich gcás tarchurtha chuig an DPP in 2008/2009 os comhair na gcúirteanna in 2010. Cláraíodh ciontuíthe maidir le ceathrar gardaí agus le duine amháin ón ngnáthphobal a bhain le cionta ionsaí i gcontrártha le halt 2 den Acht um Chionta Neamh-mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997, damáiste coiriúil agus le cion as faisnéis bhréige agus mhítheorach a sholáthar a bhí i gcontrártha le halt 110 d'Acht an Gharda Síochána, 2005. I gcás amháin bhreithiúnaigh breitheamh na Cúirte Dúiche go ndearna garda amháin ionsaí ar ghearánaí ach ba mhionionsaí ag an leibhéal is ísle den scála é; chuir an Breitheamh in iúl go raibh sé ar intinn aige/aici déileáil leis an gceist seachas ciontú a dhéanamh. Ansin, chealaigh an Breitheamh an toghairm. Ligeadh beirt ghardaí saor agus tá dhá chás faoi réir nósanna imeachta os comhair na gcúirteanna go fóill.

3.6 Seirbhísí Corparáideacha

In 2010, fhorbair an tAonad Eagraíochta Corparáidí (COU) arv an dúshraith a bhí ann roimhe chun feabhsuithe a chur i réimsí an tSoláthair Chorporáidigh agus Bainistíochta Áiseanna.

Chuaigh an fhoireann Seirbhísí Corparáideacha i bun foghlama leanúnaí trí líonraí soláthair náisiúnta, chun cinntiú go bhféadfaí faisnéis suas chun dáta a scaipeadh agus na riachtanais dhlíthiúla a chomhlíonadh.

Tugadh comhairle agus cabhair do gach uile aonad a bhí i mbun soláthair ar son na hEagraíochta. Cuireadh chun cinn agus baineadh amach dea-chleachtas comhlíonadh riachtanas soláthair Náisiúnta agus Eorpacha. Chuir conarthaí nua a bunaíodh in 2010 níos mó feabhais ar croísheirbhísí agus ar sheirbhísí tacaíochta an GSOC agus bhain sé an caiteachas ‘luach níos fearr ar airgead’ amach.

Bhainistigh an COU riachtanais timpeallachta agus seirbhísithe gaolmhair an GSOC le cinntiú go mbeadh áiseanna d’ardchaighdeán ar fáil go fóill don fhoireann agus do chustaiméirí araon.

Bhí na Riachtanais Taistil Chorporáidigh arna mbainistiú ag an COU. Rinneadh taisteal riachtanach uile ag na costais ba mhó gheilleagraí agus bhuntáistí a bhí ar fáil.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Coiste Sláinte agus Sábháilteachta gníomhach ag an GSOC a bhuaileann le chéile le cinntiú go gcuirtear na riachtanais reachtúla uile i bhfeidhm agus leis sin éascaíonn sé timpeallacht agus coinníollacha oibre níos slándála d’fhoireann uile an GSOC. Mar Chathaoirleach ar an gCoiste tá an Stiúrthóir Oibríochtaí agus air tá baill ón eagaraíocht ar fad. Cruthaigh an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta post nua d’Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta. Tá oibrí foirne reatha ceaptha ag oibriú sa phost seo a thug iniúchtaí agus seiceálacha tógála seachtainiúla isteach le cinntiú go raibh na háiseanna oiriúnach don fhoireann agus do chustaiméirí. D’fhreastail an tOifigeach

Sláinte agus Sábháilteachta agus an tOifigeach Áiseanna ar chruinnithe an Líonra Sláinte agus Sábháilteachta le coinneáil suas chun dáta faoi na forbairtí is deanaí sa réimse.

Grúpa Oibre Glas

Lean an Grúpa Oibre Glas, (comhdhéanta d'oibrithe deonacha), ag próifiliú saincheistanna glasa agus feidhmíodh tionscnaimh go rathúil arb é a bhí mar thoradh orthu laghduithe móra ar úsáid fuinnimh agus ar astúcháin dhé-ocsaíd charbóin ag ceannáras an GSOC a bhaint amach don GSOC. De thoradh iarrachtaí níba fhócasaithe, fuair an GSOC rátáil fuinnimh de D2, arb é ceann de na rátálacha is airde d'fhoirgneamh den chineál seo trasna na seirbhíse poiblí.

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh in GSOC in 2010

In 2010, d'úsáid an GSOC 908.77MWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta de:

489.66MWh de leictreachas

419.11MWh de bhreoslaí iontaise

Gníomhartha Déanta in 2010

In 2010 thug *An Grúpa Oibre Glas* faoi réimse tionscnamh le feidhmíocht fuinnimh iomlán an GSOC a fheabhsú.

I measc na dtionscnamh seo bhí:

- feachtas feasachta foirne le cinntiú go múchtar an trealamh agus na soilse neamhghníomhacha uile a mhéad agus is féidir;
- suiteáil soilse braiteora sa charrchlós
- leasuithe ar an gcóras Chóras Bainistithe Foirgníochta (BMS) chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.

De thoradh na dtionscnamh seo, d'éirigh leis an GSOC a astúcháin dhé-ocsaíd charbóin in 2010 a laghdú faoi 17.8% i gcomparáid leis an úsáid in 2009. Is toradh díreach é an éacht seo ar na laghduithe móra in úsáid gáis agus leictreachais de 21.3% agus 17.3% faoi seach, i gcomparáid le sonraí ó 2009. Laghdaíodh caiteachas iomlán ar theas agus ar shoilsiú in GSOC le linn 2010 faoi €11,000 i gcomparáid le 2009.

Le chéile, tá siad seo agus beartais choigiltis fuinnimh eile ag coigilt 169.2MWh in aghaidh na bliana don GSOC.

Gníomhartha Pleanáilte do 2011

Sa bhliain 2011 tá an GSOC ag súil lenár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú a thuilleadh trí;

- Feachtais feasachta foirne eile a dhéanamh,
- Monatóireacht agus leasú a dhéanamh ar an gcóras BMS,
- Lampaí a athghleasadh le lampaí coigilte fuinnimh a mhéad agus is féidir
- Trealamh uathdhíoltóra éifeachtúla fuinnimh a shuiteáil

- Fáil réidh le coire uisce soghluaiste sa cheaintín
- Amadóirí soicéid a shuiteail do gach uile threalamh fótachóipeála agus chomhchlódóir
- Líon na gcoirí gníomhacha a laghdú ó thrí cinn go ceann amháin ailtéarnach

3.7 Cumarsáid agus Taighde

Leabharlann

Chuir an Leabharlann leis an mbailiúchán bunábhar agus leis na hacmhainní ar líne le linn 2010. Bíonn ról tábhachtach ag an Leabharlann ag cuidiú le foirne éagsúla ar feadh na heagraíochta trí ábhar cothrom le dáta a bhaineann le dualgas GSOC a sholáthar. Láimhseáil an Leabharlann os cionn trí chéad agus caoga fiosrúchán substaintiúil in 2010 i ndáil le saincheisteanna imscrúdaithe, dlí agus taighde.

D'fhorbair an Leabharlann tionscnaimh ina raibh Bullaitín Leabharlainne inmheánach ráithiúil a rinne achoimre ar chásanna, ailt agus ar fhoilseacháin thábhachtacha I réimsí maoirseachta, dlí agus imscrúdaithe; d'fhorbair sí catalóg ar líne chun níos mó rochtana ar ábhar a sholáthar don fhoireann; cuireadh le chéile díolaim comhad faisnéise cothrom le dáta ag clúdach topaicí ábhartha suime.

Taighde

Coimeádadh an GSOC comhaltas le Cumann Coireolaíochta na hEorpa agus le Cumann Taighde agus Forbartha don Cheartas Coiriúil. Choimeád sé a chomhoibriú leis na comhlachtaí maoirseachta póilíneachta coibhéiseacha i dTuaisceart Éireann, i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus in Albain ar shinéirgí taighde a aithint.

Mar a tuairiscíodh i gCaibidil 2, críochnaíodh suirbhé sástachta custaiméara le linn 2010. Críochnaíodh suirbhé a bhí leagtha amach chun saintréithe ghearánaithe don GSOC a thuiscint fosta. Mar a tuairiscíodh freisin i gCaibidil 2, tosaíodh suirbhé náisiúnta faoi dhearcadh an phobail in 2010.

3.8 An Rannóg Bheartais

Bhí bliain ghnóthach ag an Rannóg Bheartais i rith 2010 nuair a bhí tuilleadh oibre déanta le beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go seasta ar fud na heagraíochta. Bhí píosa mór, tábhachtach oibre beagnach críochnaithe I dtéarmaí lámhleabhar nósanna imeachta don Rannóg Cásoibre – bhí cuid mhór comhoibrithe agus teagmhála le foireann na Stiúthóireachta Oibríochtaí i gceist agus, nuair a chríochnófar í, cuirfidh sé feabhas le agus comhlánóidh sé na próisis atá ann faoi láthair le seasmhacht an chur chuige a chinntiú.

Chabhraigh an Rannóg Bheartais le cur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise an GSOC mar aon le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na Pleananna Gnó bainteacha.

Rinne an Rannóg Bheartais cinnte de gur cuireadh na tuairisceáin ábhartha uile ó na sealbhóirí poist cuí uile isteach ar dhóigh thráthúil chun na riachtanais reachtúla a tháinig ón reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí agus um Chaighdeain in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh.

Le forbairt a dhéanamh ar a nósanna imeachta rialachais, agus I gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, d'úsáid an GSOC acmhainní le linn 2010 chun *Code of Practice for the Governance of State Bodies* na Roinne Airgeadais a chur in oiriúint do chomhthéacs agus riachtanais

ar leith na heagraíochta seo. Cé go raibh an obair seo coimpléascach agus am-íditheach, léiríonn sé gealltanas an GSOC do agus aithníonn sé tábhacht rialachais chorparáidigh éifeachtaigh san earnáil phoiblí. Táthar ag súil go dtabharfar An Cód Cleachtais um Rialachas an GSOC chun críche, agus go gcuirfear i bhfeidhm é go luath sa bhliain 2011.

CAIBIDIL 4: Conclúid

Ní raibh fiordhifear ann i líon na ngearán agus na dtarchur faighte in 2010 agus an líon faighte sa bhliain roimhe. Léirigh patrún iomlán na líomhaintí go raibh laghdú sna líomhaintí ionsaí agus míchúirtéise ach bhí méadú sna líomhaintí faoi mhí-úsáid údaráis agus faoi fhaillí i ndualgas áfach. Lean an Coimisiún le comhoibriú a dhéanamh leis an nGarda Síochána ar gach uile leibhéal maidir leis na partúin seo. Is mian leis an gCoimisiún ómós a thabhairt do ghlacacht an Gharda Síochána le faisnéis ag teacht ó obair an GSOC.

Bhí áthas ar an gCoimisiún conclúid shuirbhé neamhspleách ar dhearcadh an phobail a thabhairt faoi deara a chur in iúl “gur fhorbair an GSOC próifíl dhaingean i measc an ghnáthphobail i dtéarmaí feasachta ar a ról sa tsochaí agus ar a chlú mar chomhlacht neamhchlaonta taobh istigh de thréimhse ama ghairid.” Is féidir le feasacht chomhlacht neamhspleách, neamhchlaonta, imscrúdaitheach, maoirseachta cabhrú le cothú mhuinín an phobail sa Gharda Síochána.

Le hacmhainní laghadaithe, lean foireann an GSOC ar aghaidh a hualach oibre a bhainistiú ar dhóigh éifeachtach agus tá an Coimisiún an-bhuíoch as a dtiomantas agus as a solúbthacht. Mar an gcéanna, chabhraigh comhoibriú, cúirtéis, agus gairmiúlacht foirne na ngníomhaireachtaí Stáit lenar chomhoibriú an GSOC, go mór lena chuid oibre. Mar fhocal scoir, agus níos tábhachtaí fós, is mian le Coimisiún an Ombudsman aitheantas a thabhairt don ghnáthphobal a chuir a gcuid muiníne sa GSOC agus a bhfuil ár gcúirtéis, ár neamhchlaontacht agus ár ndícheall tuillte acu. Leanann an GSOC le taighde a dhéanamh ar riachtanais an ghnáthphobail agus na ngardaí sa dóigh is gur féidir leis an caighdeán is fearr de mhaoirseacht neamhspleách a sholáthar.

Aguisín 1. Gníomhaíochtaí Oiliúna agus Forbartha

- Ag Úsáid Cóitseála i mBainistiú, Spreagadh agus i bhForbairt na Foirne
- Beartas maidir le Cosaint agus Leas Leanaí
- Bailiúchán Sonraí i dTarchuir faoi alt 102
- Intreoir d'Fholíomhaintí ar CMS
- Cúrsa Oiliúna maidir le hAthbhreithniú Coire
- Vmware Vsphere: Scileanna d'Oibríochtaí
- Comhdháil Bhainistiú Iartheagmhais
- Comhdháil ar Leighis do Cheannaitheoirí agus do Sholáthraithe
- Seimineáir Driving for Work
- Iniúchadh inmheánach TF don Earnáil Phoiblí
- Oiliúint maidir le hOifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh
- Oiliúint feidhmithe PSS
- Ionchorparáid Cearta Faighte (TUPE) i Nósanna Imeachta maidir le Bronnadh Conarthaí
- Comhdháil ar Bhainistiú Cásanna
- Paranóia agus Iompar Clámhsanach
- Ulmmhúchán Straitéise i gComhlachtaí Poiblí
- Scileanna i Seomra na Cúirte
- Cúrsaí Rialála
- Cúrsa Oiliúna tosaigh PSEU do Chomhaltaí Mná

- Nósanna Imeachta Iartheagmhais im Imscrúdú Arm Tine Phóilíní
- Oiliúint Feasachta i mBainistiú agus in Úsáid Foinsí Faisnéise faoi Cheilt (CHIS)
- Oiliúint Feasachta ar Mhíchumas
- Oiliúint Idirghabhála Deimhnithe
- Treoir Riachtanach maidir le hAthbhreithniú Breithniúnach
- Scileanna Bainistíochta d'Abhcóidí Imheánacha
- Láimhseáil Drochiompair
- Comhdháil Bhliantúil Dhlíodóirí Imheánacha agus na hEarnála Poiblí
- Microsoft Exchange 2010
- Oiliúint Mhaoir Dóiteáin
- Oiliúint Athnuachana Garchabhrach
- Bainistíocht Dell SAN
- Gradam Gairme i Láimhseáil Ombudsman agus Gearán

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.
Teileafón (01) 871 6700
Íosghlao: 1890 600 800
Facs:(01) 8147026
Ríomhphost: info@gsoc.ie

Suíomh Idirlín: www.gardaombudsman.ie

Féadtar leagan Gaeilge den tuarascáil seo a fháil ó Choimisiún Ombudsman an Gharda
Síochána, de réir iarratais